Oifig an Ard-Aighne

RÁITEAS STRAITÉISE
2006-2008

Oifig an Ard-Aighne
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 676 1806
Ríomhphost: info@ag.irlgov.ie

Tá Oifig an Ard-Aighne comhdhéanta as Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais
Tithe an Rialtais
Sráid Mhuirfean Uachtarach
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: 01 631 4000
Facs: 01 661 1287
Ríomhphost: info@ag.irlgov.ie

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
Teach Osmond
Sráid na gCaorach Bheag
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: 01 417 6100
Facs: 01 417 6299
Ríomhphost: registry@csso.irlgov.ie

Tá Rannán Ceartais & Dlí Choitinn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit lonnaithe ag:

3-10 An Seansaireacht
Lána na Seansaireachta
Baile Átha Cliath 8

Clár Ábhar

leathanach

Brollach leis an Ard-Aighne 1

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir 2

Gluais don Ráiteas Straitéise 4

Caibidil 1: Réamhrá 5

1.1 Ráiteas Misi 5

1.2 Sainordú 5

1.3 Struchtúir na hOifige 5

1.4 Luachanna agus Sainmharcanna 8

1.5 Achoimre ar Oifig an Ard-Aighne 8

Caibidil 2: Staid-Anailís 11

2.1 Réamhrá 11

2.2 Comhthéacs Inmheánach 11

2.3 Comhthéacs Seachtrach 12

2.4 Dúshláin Shonracha 13

Caibidil 3: Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta 15

3.1 Abhcóidí Comhairleacha 16

3.2 Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte 19

3.3 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 21

3.4 Seirbhísí Tacaíochta Gnó 26

Clár Ábhar

leathanach

Caibidil 4: Monatóireacht agus Tuairisciú ar Fhorfheidhmiú 33

Aguisín 1: Freagrachtaí an Ard-Aighne 35

Aguisín 2: Cairt Eagrúcháin 37

Aguisín 3: Páirtithe Leasmhara Seachtracha 38

Aguisín 4: Coistí agus Coimisiúin 39

Aguisín 5: Cuid 1 – Abhcóidí Comhairleacha 41

Cuid 2 – Dréachtóirí Parlaiminte 42

Cuid 3 – Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit 43

Cuid 4 – Aonaid Riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean 47

Brollach leis an Ard-Aighne

Fáiltím roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéisigh seo don tréimhse 2006 - 2008 ar tháinig mé ar chomhaontú ina leith le hArd-Stiúrthóir m'Oifigse

Tá an Ráiteas seo tógtha ar bhunsraith an Ráitis Straitéisigh a bhí ann roimhe don tréimhse 2003 – 2005 agus déanann sé nuashonrú air. Cuireann sé na forbairtí sin san áireamh atá tagtha ar an timpeallacht ina bhfuil m'Oifigse ag obair agus a tharla ó foilsíodh an Ráiteas Straitéiseach deireanach. Cuireann sé an Clár don Rialtas, 2002 – 2007 san áireamh freisin agus na forbairtí a tharla le déanaí i gcomhthéacs Cláir an Rialtais um Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí. Ullmhaíonn sé do na hathruithe a bheidh ann sna trí bliana atá romhainn. Léiríonn na hEochairchuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta atá leagtha síos sa Ráiteas Straitéise an tiomantas atá ann d'fhorbairt leanúnach na hOifige agus do seirbhísí gairmiúla dlíthiúla den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí.

Rory Brady, SC
Ard-Aighne
Nollaig, 2005

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

Obair chasta dhian don Oifig ina hiomláine is ea seirbhísí dlíthiúla d'ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí. Tá tús curtha ag Oifig an Ard-Aighne trí bhíthin a codanna éagsúla (An Rannán Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus a Riarthóirí) le clár maointeoireachta straitéisí agus pleanála chun creatlach a chruthú a chuirfidh ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhíse cuimsithí dlíthiúla do chliaint thar ceann an Ard-Aighne sa tréimhse trí bliana atá romhainn.

Rinneadh anailís fhorleathan ar an timpeallacht inmheánach agus sheachtrach ina bhfeidhmíonn an Oifig ina hiomláine sular forbraíodh an Ráiteas Straitéise don tréimhse 2006 – 2008, agus tá sí bunaithe ar ár smaointe agus ár bpleananna do na chéad trí bliana eile. Bhí páirt ag an Ard-Aighne, ag Coistí Comhairleacha áitiúla agus ag na Príomhchoistí Comhairleacha Bainistíochta agus ag gach rannóg i ngach cuid den Oifig sa phróiseas forbartha seo. Bhí ionchur luachmhar ag Coistí Comhpháirtíochta Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean, agus ag Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit sa phróiseas seo freisin.

Beidh dúshláin mhóra le sárú againn san Oifig le linn tréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise seo. Tá críoch rathúil curtha againn cheana féin lena lán de na córais agus na tionscadail in ár bPlean um Theicneolaíocht na Faisnéise. Díreoidh an Oifig sna trí bliana atá romhainn ar chríoch a chur le forfheidhmiú na bpríomhthionscadal mar an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead agus Córas Bainistíochta na nAcmhainní Daonna agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár Straitéis Bainistíochta Riosca. Tá an Córas nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead á chur i bhfeidhm de réir a chéile ar fud na hOifige agus tá sé i bhfeidhm cheana féin i bhformhór na rannóg. Táimid ag leanúint ar aghaidh le leabú ár gCórais Bhainistíochta Airgeadais a thabharfaidh tacaíocht d'fhorfheidhmiú iomlán Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta, lena n-áirítear faisnéis fheabhsaithe bainistíochta agus tuarascáil chostála. Táim faoi chomaoin mhór ag foireann uile na hoifige as a n-iarrachtaí leanúnacha agus a gcomhoibriú le cinntiú go gcuirfí na córais nua seo i bhfeidhm go rathúil.

Is trí Chomhphairtíocht a dhéanfaimid na riachtanais atá in *I dTreo 2016* a sholáthar laistigh de thréimhse ama an Chomhaontaithe. Díreoimid sna trí bliana seo atá romhainn ar na Pleananna Gníomhaíochta atá againn faoi *I dTreo 2016* a chur i bhfeidhm mar aon leis na geallta a thugamar sa Treoir Seirbhísí Cliaint, sa Phlean Gnímh Chustaiméara, agus sna Cairteanna Cliaint agus Custaiméara. Tacóimid freisin leis an gClár um Rialúchán níos Fearr, déanfaimid an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a fhorbairt, mar aon le tionscadail teicneolaíochta faisnéise, agus leanfaimid ar aghaidh leis an mbeartas atá againn i gcónaí maidir le hoiliúint agus forbairt ár bhfoirne. Is iomaí tairbhe a bheidh sna tionscnaimh seo go léir don Oifig agus dár gcliaint.

Tá mórchuid dár Straitéis um Bainistiú Faisnéise curtha i bhfeidhm againn cheana féin agus cuireann sí creatlach ar fáil maidir le sealbhú, comhroinnt, agus athúsáid faisnéise agus saineolais inmheánaigh chun barr feabhais a chur lenár seirbhísí dlíthiúla. Díreoimid ar chultúr comhroinnte eolais a leabú agus a chur chun chinn ar fud na hOifige sna trí bliana atá romhainn agus na gnéithe sin de Theicneolaíocht na Faisnéise atá sa Straitéis Bainistíochta Eolais a chur i bhfeidhm. Cuirfimid deiseanna méadaithe ar fáil don fhoireann foghlaim óna chéile agus an saineolas atá acu a chomhroinnt le chéile. Tá tús curtha againn le tionscadal chun Abhcóidí Comhairleacha a thabhairt ar iasacht chuig Ranna faoi leith.

Tá ceithre Chuspóir roghnaithe againn go cúramach sa Ráiteas Straitéise mar aon leis na Spriocanna agus na Straitéisí lena mbaint amach

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

agus na Táscairí Feidhmíochta a léireoidh cé chomh maith is atá ag éirí linn. Ba í an Oifig a roghnaigh na Cuspóirí seo mar aon leis na Spriocanna, na Straitéisí agus na Táscairí Feidhmíochta agus í ag díriú ar riachtanais an Rialtais agus ár gcliant sna réimsí sin a bhfuilimid freagrach astu, agus í ag súil le creatlach a chur a fáil inar féidir na seirbhísí dlíthiúla seo a sholáthar.

Táim fíorbhuíoch as an bpáirt a ghlacann an fhoireann i ngach réimse d'obair na hOifige. Táim ag súil go mór le bheith ag obair leis an bhfoireann go léir maidir lena gcur i bhfeidhm trí phróiseas pleanála gnó i rith tréimhse an Ráitis Straitéise.

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir
Nollaig, 2005

Finola Flanagan
Ard-Stiúrthóir

Deirbhle Murphy
Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte

David J. O'Hagan
Príomh-Aturnae an Stáit

Gluais[1] don Ráiteas Straitéise

Spriocanna: Is ráitis leathain rúin iad spriocanna, atá dírithe ar thorthaí agus a chlúdaíonn rannóg nó réimse áirithe gníomhaíochta.

Cuspóirí: Is ráitis rúin níos sonraithe iad a chuireann in iúl conas na spriocanna a bhaint amach. Cuirtear iad in iúl go ginearálta i dtéarmaí torthaí a bhfuil rún iad a bhaint amach. Is iad na torthaí ná na buntáistí nó athruithe do dhaoine aonair nó do ghrúpaí a eascraíonn ó bheartas nó beartais áirithe a leanúint. Is spriocanna sonracha iad gur chóir, nuair is féidir, a chainníochtú. Ba chóir dóibh a bheith soiléir agus sonrach.

Straitéisí: Is gníomhartha sonraithe iad atá le leanúint ionas go mbainfí amach nó go dtacófaí le spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. Ba chóir dóibh a bheith soiléir agus sonrach.

Táscairí feidhmíochta: ba chóir dóibh a bheith bainteach le cuspóirí agus straiteisí ar leith. Má tá cuspóirí agus straitéisí sonrach agus soiléir éascódh sé sin forbairt na dtáscairí feidhmíochta agus ba chóir dóibh siúd a bheith cáilíochtúil agus cainníochtúil. Ba chóir go mbeadh táscairí ábalta a léiriú an bhfuil nó nach bhfuil cuspóirí agus straitéisí á mbaint amach agus tuairisciú éifeachtach ar dhul chun cinn a éascú tríd an Tuarascáil Bhliantúil. Nuair is cuí, ba chóir go mbeidís i gcomhréir leis na cinn atá leagtha síos sa Chairt Custaiméara.

[1] Treoirlínte d'Ard-Rúnaithe agus Cinn Oifige ar ullmhúchán na Ráiteas Straitéise; eisithe ag Rannóg Nuachóirithe na Seirbhíse Poiblí i Roinn an Taoisigh Deireadh Fómhair 2004 ailt 4.3 agus 4.4..

Caibidil 1
Réamhrá

1.1 Ráiteas Misin

Is é misean Oifig an Ard-Aighne ná:

Seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

1.2 Sainordú

Is comhairleoir dlí don Rialtas agus oifigeach bunreachtúil é an tArd-Aighne. Tá neamhspleáchas ag an Ard-Aighne i gcleachtadh a c(h)uid feidhmeanna. Is iad brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna faoina gceannas, cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne De bhua Alt 30.1 den Bhunreacht, agus cuid 6 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid de sceideal an Achta sin, tá an tArd-Aighne i gceannas ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) agus ar Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) agus freagrach astu. Is comhghnéithe iad na hOifigí seo d'Oifig an Ard-Aighne.Is iad príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne ná:

- Comhairle dlí a chur ar fáil don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí;
- Reachtaíocht a dhréachtadh;
- Seirbhísí dhlíthíochta a cur ar fáil;
- Seirbhísí aturnae a chur ar fáil, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a cuid oifigeach go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit araon, ná cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus feidhmeanna um chomhairle á thabhairt don Rialtas aige, agus um chomhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a bronnadh go sonrach faoin mBunreacht agus faoin reachtaíocht. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, cineachtar údarás um bainistíocht na hOifige, beartais mhonatóireachta a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus seachadadh aschur sonraithe, ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

1.3 Struchtúir na hOifige

Cuimsíonn Oifig Shráid Mhuirfean:

- **Abhcóidí Comhairleacha** atá roinnte ina ngrúpaí, gach ceann acu a chlúdaíonn réimsí sonracha agus ábhartha dlí;
- **Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas** atá roinnte ina ngrúpaí, gach ceann acu a sholáthraíonn seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta do Ranna ainmnithe.

Soláthraíonn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit feidhmeanna aturnae i Ranna agus Rannóga atá bunaithe ar nádúr na seirbhíse dlí atá i gceist.

AN COIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Faoi Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975 tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún a bunaíodh faoin Acht. Is iad a phríomhfheidhmeanna ná an dlí náisiúnta a choinneáil faoi athbhreithniú, agus de réir an Achta, tabhairt faoi iniúchadh agus taighde féachaint an dlí a athchóiriú agus moltaí a chur le chéile d'athchóiriú an dlí. Den chuid is mó, tá an Coimisiún maoinithe trí Dheontas i gCabhair ó Vóta Oifig an Ard-Aighne. Scrúdaíonn, measann agus tuairiscíonn Iniúchóir Inmheánach na hOifige ar leorgacht na gcóras rialaithe airgeadais sa Choimisiún. D'aontaigh an Rialtas le déanaí go n-ullmhódh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí Athráitis reachtaíochta a chaithfidh an tArd-Aighne iad a dheimhniú faoin Acht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002.

AN TARD-AIGHNE MAR CHAOMHNÓIR LEASA AN PHOBAIL

Is féidir leis an Ard-Aighne ról a chleachtadh mar ionadaí an phobail do dhearbhú nó cosaint na gcearta poiblí seachas i gcomhthéacs ionchúiseamh coiriúil. Clúdaíonn an ról seo mar chaomhnóir leasa an phobail feidhmeanna an Ard-Aighne maidir le cosaint na Bunreachta agus cearta bun-reachtúla a sheasamh. Ar chúinsí eisceachtúla

Caibidil 1
Réamhrá

áirithe is féidir leis an Ard-Aighne urghaire a lorg ó na Cúirteanna chun sárú dlí coiriúil a chosc.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Tá cur síos iomlán ar fheidhmeanna, róil agus ar fhreagrachtaí an Ard-Aighne agus na hOifige ar fáil ar an láithreán gréasáin a www.attorneygeneral.ie.

ABHCÓIDÍ COMHAIRLEACHA

Roimh dóibh tosú ag obair san Oifig, tá na hAbhcóidí Comhairleacha tar éis cleachtadh sa Stát mar abhcóidí le haghaidh tréimhse ceithre bliana ar a laghad.

Comhlíonann na hAbhcóide Comhairleacha líon feidhmeanna. Is iad na príomhfheidhmeanna ná comhairle ghinearálta a chur ar an Ard-Aighne agus ar Ranna Rialtais, comhairliú ar dhréacht-reachtaíocht agus cuidiú le stiúradh dlíthíochta lena mbaineann an Stát.

Lorgaítear comhairle i ngach réimse, baineann sí le hobair na Ranna Rialtais ar fad agus ina measc ceisteanna dlí ag leibhéil baile, AE, idirnáisiúnta agus bunreachtúla.

Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle do Ranna faoi Scéimeanna Ginearálta do reachtaíocht agus ar cheisteanna dlí mar a thagann siad aníos le linn do reachtaíocht phríomhúil agus thánais-teach agus leasuithe bunreachtúla a bheith á ndréachtadh. Maidir leis seo oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth leis an nDréachtóir Parlaiminte agus leis an Ard-Aighne agus comhairle dlí agus bhunreachtúil á tabhairt ar cheisteanna ar leith. Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle chomh maith do ranna ar cheisteanna dlí a thagann aníos le linn caibidlíochta ar dhréacht-reachtaíocht Eorpach sa Bhruiséil.

Cuidíonn Abhcóidí Comhairleacha le stiúradh dlíthíochta a bhaineann leis an Stát. Ní dhéileálann siad le cásanna aonair amháin ach le ceisteanna tábhachtacha foriomlána chomh maith, cosúil le cén chaoi déileáil le catagóirí na n-olléileamh.

Oibríonn Abhcóidí Comhairleacha le haturnaetha agus feidhmeannaigh dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus Aturnaetha Stáit mórthimpeall na tíre.

Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle maidir le stiúradh dlíthíochta idirnáisiúnta agus Eorpaí cosúil le dlíthíocht an AE os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa, Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine i Strasbourg agus in eadráin idirnáisiúnta cosúil leo siúd faoi Choinbhinsiún na Náisiúin Aontaithe ar Dhlí na Farraige.

Tá Abhcóidí Comhairleacha roinnte ina nGrúpaí, agus díríonn gach ceann acu ar líon réimsí dlí, an chuid is mó acu a thiteann laistigh den réimse leathan céanna.

Caithfidh dlíodóirí chomh maith fios leathan a chothabháil ar dhlíthe bunreachtúla, riaracháin, an Aontais Eorpaigh agus an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine agus tuiscint a bheith acu ar an mbealach ina oibríonn an Rialtas agus an Státseirbhís – ár gcliaint.

OIFIG NA NDRÉACHTÓIRÍ PARLAIMINTE DON RIALTAS (OPC)

Is iad dlíodóirí atá tar éis cleachtadh sa Stát mar abhcóidí nó dlíodóirí ar feadh tréimhse nach lú ná ceithre bliana atá ar fhoireann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas. Mar atá tugtha le fios sna nósanna imeachta faoin Lámhleabhar Comh-aireachta,is í feidhm Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte ná Billí agus Orduithe Rialtais a dhréachtadh. Lasmuigh de na riachtanais sa Lámhleabhar Comh-aireachta, ní dhréachtann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte na hionstraimí reachtúla ar fad thar ceann Airí Rialtais, Airí Stáit agus údaráis Stáit áirithe, ach déanann sí cuid mhaith díobh. Oibríonn na Dréachtóirí Parlaiminte go dlúth leis na hAbhcóidí Comhairleacha agus an Ard-Aighne in ullmhúchán na dréacht-reach-taíochta agus i gcomhairle reachtúil agus comhairle dlí eile a thabhairt do Ranna maidir le moltaí reachtaíochta an Rialtais

Oibríonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte go dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais (CRR)

Caibidil 1
Réamhrá

lena cinntiú go gcuirtear Clár Reachtaíochta an Rialtais i bhfeidhm. Tá Coiste Reachtaíochta an Rialtais faoi chathaoirleacht an Phríomh-Aoire Rialtais. Is í feidhm Coiste Reachtaíochta an Rialtais ná cuidiú leis an Rialtas i dtosaíochtaí reachtaíochta a shocrú don seisiún parlaiminte atá ag teacht agus maoirsiú agus comhordú ar fhorfheidhmiú Clár Reachtaíochta an Rialtais, agus monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis. Soláthraíonn Coiste Reachtaíochta an Rialtais meicníocht chun réiteach a fháil ar éilimh iomaíocha na Ranna ar sheirbhísí Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte agus chun déileáil le fadhbanna a d'fhéadfadh bac a chur ar fhorfheidhmiú Cláir Reachtaíochta an Rialtais in am. Seolann Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte tuairiscí seachtainiúla ar dhul chun cinn ar aghaidh go dtí Coiste Reachtaíochta an Rialtais maidir leis na Billí agus na hionstraimí reachtúla atá á ndréachtadh in Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte.

OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT (CSSO)

Is í feidhm Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ná seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta, do Ranna agus Oifigí.

Tá an Oifig eagraithe i gcúig rannán dlí agus rannán riaracháin. Eagraítear gach rannán ina rannóg (nó, i roinnt cásanna, i bhfoirne) ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint.

Bainistíonn an Oifig seirbhís na n-Aturnaetha Stáit áitiúla, trína ndéanann Aturnaetha Stáit áitiúla roinnt obair dhlí Stáit a thagann chun cinn go háitiúil. Ceapann an tArd-Aighne na hAturnaetha Stáit seo agus fanann siad ag cleachtadh go príobháideach agus iad íoctha, den chuid is mó, le suim réamh-shocraithe gach bliain dá seirbhísí. Baineann an chuid is mó den obair a dhéanann Aturnaetha Stáit áitiúla le hionchúiseamh na coiriúlachta agus eascraíonn céatadán beag oibre ó threoracha ón dtaobh sibhialta. Aistreoidh freagracht d'Aturnaetha Stáit áitiúla, i gceisteanna coiriúla, ón bPríomh-Aturnae Stáit go dtí an An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachaisi 2006 tar éis breis díospóireachta leis na hAturnaetha Stáit áitiúla. Tá an reachtaíocht atá riachtanach chun an t-aistriú seo a éifeachtú sínithe isteach sa dlí. Soláthraíonn Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005 an cumhacht reachtúil chun seirbhís áitiúil an Aturnae Stáit a aistriú go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Feidhmíonn an Príomh-Aturnae Stáit mar ghníomhaire na hÉireann i gcásanna os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa agus roimh bhinsí fiosrúcháin eile idirnáisiúnta.

COISTÍ COMHAIRLEACHA BAINISTÍOCHTA

Tá Coistí Comhairleacha Bainistíochta na nOifigí mar a leanas:

- **PríomhChoiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh MAC)** don Oifig iomlán déanta suas de dhlíodóirí ag grád atá ar chomhchéim le Rúnaí Cúnta nó níos airde agus Cinn Riaracháin an dá Oifig. Buaileann an Príomh MAC le chéile gach dhá mhí;
- Tá a **MAC áitiúil féin**, ag Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO araon a bhuaileann le chéile gach mí agus ina bhfuil dlíodóirí ag grád atá ar chomhchéim le Rúnaí Cúnta nó níos airde agus an Ceann Riaracháin;
- Tá a Coiste Comhpháirtíochta féin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO araon le hionadaíocht ón mbainistíocht, ó na ceardchumainn, agus ó bhaill foirne eile.

AONAID RIARACHÁIN

Tá soláthar na seirbhísí dlí do chliaint á thacú ag Aonaid riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit comhdhéanta as

- Bainistíocht Athruithe
- An tIonad Cáipéisíochta
- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Iniúchadh Inmheánach

Caibidil 1
Réamhrá

- Leabharlann agus Fios Gnó
- Oifigí Príobháideacha (ag tacú leis an Ard-Aighne, an Ard Stiúrthóir, an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus Príomh-Aturnae Stáit)
- Clárlann
- Seirbhísí
- Oiliúint agus Forbairt.

Tá leibhéal ard comhoibrithe idir na hAonaid ábhartha sna hOifigí agus sna seirbhísí roinnte araon i réimsí áirithe (m.sh. Bainistíocht Athruithe, Iniúchadh Inmheánach, Teicneolaíocht na Faisnéise, Cuntasaíocht agus Bainistíocht Taifead Ghairmiúil).

1.4 Luachanna agus Sainmharcanna

Tá na croí-luachanna agus sainmharcanna lena n-oibrímid mar bhonntaca ag ár misean.

IS IAD ÁR GCROÍ-LUACHANNA NÁ:

Gairmiúlacht

- Táimid tiomanta do chomhairle agus seirbhísí dlí neamhspleácha agus oibiachtúla a sholáthar, agus do thimpeallacht eagrúcháin a chothabháil, a fhorbraíonn agus a fheabhsaíonn an saineolas, an t-eolas, na hinniúlachtaí, acmhainn agus ábaltacht an bhaill foirne aonair ag gach leibhéal chun a gcuid ról a chomhlíonadh ar mhodh gairmiúil agus eiticiúil.

Seirbhís do chustaiméirí / do chliaint/ do pháirtithe leasmhara

- Táimid tiomanta do shainseirbhísí dlí d'ardchaighdeán a sholáthar, a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpáirtithe leasmhara agus a thacaíonn leo i seachadadh a gcuid tosaíochtaí.

Sofhreagracht & inoiriúnaitheacht

- Laistigh den timpeallacht casta ina n-oibrímid, táimid tiomanta do chórais a chur ar fáil atá solúbtha, inoiriúnaitheach agus ábalta freagairt d'éilimh ar ár seirbhísí

Luach ar airgead

- Táimid tiomanta do phróisis agus córais a chur ar fáil a thacaíonn le seachadadh éifeachtach seirbhísí a thugann luach ar airgead.

Aithint do luach na foirne

- Mar shainghnó eolais ghairmiúil, táimid tiomanta do thimpeallacht oibre a chruthú atá dearfach, agus a aithníonn luach ár mball foirne.

Obair Bhuíne

- Aithnímid páirt thábhachtach an duine aonair, na sainfoirne agus obair bhuíne mar bhonn ratha.

IS IAD NA SAINMHARCANNA ATÁ AGAINN NÁ:

- Seasamh leis na caighdeáin is airde;
- A bheith inrochtana agus sofhreagrach;
- Úsáid is fearr a bhaint as acmhainní;
- A bheith rannpháirteach i gClár Nuachóirithe na Státseirbhíse agus tionscnaimh eile mar é

1.5 Achoimre ar Oifig an Ard-Aighne

Is iad éilimh ár gcliaint – Rialtas, Ranna agus Oifigí, a rialaíonn gnó na hOifige. Tá difear idir an Oifig agus obair na hOifige agus cleachtais dlí na rannóige príobháidí.

Is Oifig uathúil í i measc na gcleachtas dlí toisc scóip agus éagsúlacht na hoibre a chomhlíontar. Cuimsíonn an obair an cineál oibre a dhéanann aturnaetha príobháideacha, abhcóidí atá ag cleachtadh agus dlíodóirí acadúla. Ina theannta sin, baineann obair na hOifige mórán le hobair a bhaineann go sonrach le dlí poiblí. Ina measc sin tá comhairle a chur ar an Rialtas agus Airí, comhairle ar reachtaíocht agus a dréachtú, comhairle ar cheisteanna a bhaineann leis an dlí poiblí agus Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine, comhairle ar ionstraimí molta an AE agus beartas dlí, athbhreithnithe breithiúnacha in aghaidh an Stáit a chosaint, agus déileáil le háitribh an Stáit.

Caibidil 1
Réamhrá

Baineann obair dlí na hOifige le ceisteanna ón Rialtas, Ranna agus Oifigí maidir le réimsí ar fad an riaracháin poiblí. Baineann an obair leis na himpleachtaí dlí a bhaineann le scéimeanna casta agus fíricí ata tábhachtach don Rialtas agus don Stát a mheas, tuiscint ar conas mar a fheidhmíonn an Rialtas ina iomláine, lena n-áirítear Airí, Ranna agus Oifigí, chomh maith leis an gcomhthéacs áirithe a n-eascraíonn an cheist as. Baineann na hiarratais seo go minic le ceisteanna suntasacha, núíosacha agus conspóideacha maidir le dlí poiblí. Tá taithí agus fios gnó ag foireann dlí na hOifige i roinnt sainréimsí den dlí a bheadh tábhachtach don Rialtas, ach nach mbeadh ar fáil, nó forbartha go sásúil, i gcuideachtaí príobháideacha dlí.

Bíonn iarratais ar chomhairle, dréachtanna reachtaíochta, dlíthíocht, tíolacadh agus obair idirbheartaíochta eile go minic práinneach agus suntasach. Caithfidh an Oifig a bheith ábalta na héilimh seo a fhreagairt agus a bheith sách solúbtha ina cuid cleachtais agus ina cuid scileanna obair a athsceidealú agus iarratais ar chomhairle agus seirbhísí dlí a fhreagairt mar is cuí.

Déanann an Oifig a dícheall cur chuige aontaithe, comhordaithe do sheirbhísí dlíthíochta agus dlí a chothabháil. Mar chuid den Státseirbhís, tá an Oifig faoi réir reachtaíochta a rialaíonn an Státseirbhís. Tá an Oifig faoi cheangal chomh maith ag rialacha rialachais agus nósanna imeachta na Státseirbhíse a chuimsíonn bainistíocht airgeadais agus ghinearálta, scrúdú poiblí, earcú agus foireann, agus saoráil faisnéise. Ní ghearrann an Oifig aon táille ar sheirbhísí dlí.

Caibidil 2
Staid-Anailís

2.1 Réamhrá

Tarlaíonn athruithe leanúnacha sa timpeallacht in n-oibríonn na hOifigí toisc forbairtí dlí agus beartais na Feidhmeannachta agus an Oireachtais, an Aontais Eorpaigh, forbairtí tagtha aníos toisc cinntí an bhreithiúnais, agóidí dlí tógtha ag an bpobal agus athruithe i rialachas na Státseirbhíse

Caithfidh na hOifigí a bheith in ann freagairt do na hathruithe seo de réir mar a thagann siad aníos. Caithfidh na hOifigí pleanáil go cúramach cén obair a dhéanann siad agus conas a dhéanann siad í agus, go háirithe, cén chaoi a roinntear obair idir na hOifigí, agus idir phearsanra, chun acmhainneacht a uasmhéadú.

Le linn an Ráitis Straitéise deiridh, cuireadh struchtúir ann chun soláthar seirbhísí ar ardchaighdeán do chliaint a chur chun cinn. Leanfaidh an Oifig ag saothrú éiteas na seirbhíse do chliaint i measc na mball foirne trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus an tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí laistigh den Státseirbhís.

Aithníonn an Oifig an gá atá le Córais Seirbhíse do Chliaint a leathnú chun comhlíonadh na monatóireachta agus an tomhais lenár gCairt Custaiméara agus Cliaint, Treoir Seirbhíse do Chliaint agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí a chur san áireamh.

Nuair a bhí an Ráiteas Straitéise seo á chur ar bun, rinneadh athbhreithniú ar an timpeallacht ina soláthraíonn an Oifig seirbhísí dlí, chun réamh-mheas a dhéanamh ar conas mar a bhféadfadh an timpeallacht in soláthraímid seirbhísí dlí a athrú thar an tréimhse trí bliana amach romhainn, agus straitéisí oiriúnacha a chur ar bun maidir leis na hathruithe seo.

2.2 Comhthéacs Inmheánach

CUSTAIMÉIRÍ AGUS SEACHADADH SEIRBHÍSE

Tá gá le gaolmhaireachtaí a bhainistiú, ar bhealaí níos sofhreagraí ná riamh, le páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí seachtracha. Aithníonn an léaráid ag Aguisín 3 páirtithe leasmhara na hOifige. Cuimsíonn sé seo an riachtanas déileáil le ceisteanna leathana casta a éilíonn leibhéil níos airde inoiriúnaitheachta chun oibriú ar bhealaí nua.

Soláthraíonn speisialú na seirbhísí dlí deis foirmeálta rannóga agus foirne níos speisialaithe a bhunú mar a thagann éileamh aníos le comhfhogasú feabhsaithe do riachtanais an chliaint. Tugann sé seo leis gá le cás-bhainistiú feabhsaithe agus feabhsú ar dháileadh na gcás-ualaí.

Caithfear a chinntiú go soláthraíonn an Oifig seirbhís oibiachtúil, neamhspleách, rúnda agus ghairmiúil. agus tá an béim fós ar sin.

FOGHLAIM AGUS ACMHAINNEACHT EAGRÚCHÁIN

Tá an Oifig tiomanta do bheartas forbartha foirne chun a chinntiú go mbeidh fórsa saothair atá ard-spreagtha agus oilte aici i gcónaí. Tá deis ann don Oifig pobail cleachtais agus gréasáin a fhorbairt laistigh den Oifig agus lenár gcomhghleacaithe dlí sna Ranna Rialtais araon chun eolas speisialaithe agus fios gnó a roinnt. Aithníonn an Oifig an gá atá le húsáid éifeachtach na n-acmhainní atá ar fáil a uasmhéadú agus freastal ar ionchais na mball foirne maidir le timpeallacht oibre atá oscailte agus a bhfuil sásamh inti.

Tá riachtanas leanúnach ann aird a thabhairt ar earcú agus coinneáil na mball foirne agus ábaltacht na hOifige daoine aonair tiomnaithe d'ardchaighdeán a mhealladh

COMHPHÁIRTÍOCHT

Aithníonn an Oifig an tábhacht atá ann leis *an gcur chuige Comhpháirtíochta* a leanúint chun cultúr athruithe a fhorbairt san Oifig. Tá an cur chuige Comhpháirtíochta tar éis a bheith bunúsach i leith athruithe a bhaint amach go dtí seo agus leanfar leis thar tréimhse an Ráitis Straitéise seo. Mar a bhí leis na cuspóirí straitéiseacha sa Ráiteas straitéise a chuaigh roimhe seo, beidh ról lárnach

Caibidil 2
Staid-Anailís

ag an gCoiste Comhpháirtíochta i bhforfheidhmiú an Ráitis Straitéise seo.

PRÓISIS AGUS CÓRAIS GHNÓ

Soláthróidh an *Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead* (ACME), atá á chur i bhfeidhm i láthair na huaire, córas bainistíochta cáis do na hoifigí atá oiriúnach do riachtanais na móroifigí dlí chomh maith leis an gcumas monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí sna réimsí oibre ar fad, lena n-áirítear dréacht-reachtaíocht, comhairlí, dlíthíocht agus idirbheartaíochtaí eile. Éascóidh sé seo ár gcumas anailís a dhéanamh ar an obair idir láimhe agus í a thuairisciú mar go léireoidh úsáid ACME leibhéil éilimh agus gníomhaíochta araon trasna na nOifigí, agus cuirfidh sé treochtaí in éilimh ar sheirbhísí agus leibhéil oibre in iúl don bhainistíocht.

Soláthróidh Creatlach na Faisnéise Bainistíochta agus Córas Bainistíochta Airgeadais na hOifige atá feabhsaithe na sonraí airgeadais atá riachtanach do phleanáil, monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht agus ar chaiteachas. Imeascóidh siad le heochairchórais ghnó eile a sholáthraíonn córais chuntasaíochta nua-aimseartha agus faisnéis chuimsitheach costála agus a thacaíonn le tuairisciú ar chaiteachas fabhraithe agus airgid. Nascóidh siad chomh maith le struchtúir tuairisce neamh-airgeadais in ACME agus Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna atá le suiteáil ag deireadh 2006

Tá ár Straitéis Bainistíochta Eolais 2003 – 2005 curtha i bhfeidhm go substaintiúil. Beidh Bainistíocht Eolais leabaithe i gcónaí in obair na hOifige trí bhainistíocht eolais a áireamh mar chroí-inniúlacht sa Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta.

Eochaircheisteanna gairmiúla don Oifig *is* ea *dearbhú cáilíochta agus foghlaim agus forbairt eagrúcháin*. Éascófar iad trí chur chuige níos struchtúrtha go dtí “anailís iar-idirbheartaíochta”. Is próiseas é seo d'athbhreithniú atá foirmeálta nó leath-fhoirmeálta ar conas a láimhseáladh ceist dheacair dhlí a bhí mór agus dúshlánach. Fanfaidh forfheidhmiú leanúnach maidir le Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse agus leasuithe ábhartha go mór chun cinn. Beidh bainistíocht riosca leabaithe mar pháirt lárnach de nósanna imeachta eagrúcháin chun a chinntiú go n-úsáidtear maoluithe agus srianta oiriúnacha chun déileáil le rioscaí corparáideacha agus aonair a aithníodh.

Léiríonn ár bhfreagra ar na leasuithe thuas na tuiscintí atá againn ar an ngá atá ann le córais chuntasacha, trédhearcacha, agus shofhreagracha agus seirbhís á sholáthar atá d'ardchaighdeán agus a thugann luach ar airgead.

CÓIRÍOCHT IN OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT

Mar gheall ar éag an léasa ar Shráid San Proinsias Theas i nDeireadh Fómhair 2005 tá cuid de Rannán Dlíthíochta an Dlí Choitinn lonnaithe go sealadach in áitribh ar Shráid Hanover. Tá Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit trí Oifig na nOibreacha Poiblí tar éis áitribh oifige bhreise a aimsiú i suíomh oiriúnach. Feistíodh an chóiríocht seo agus rinneadh athlonnú ar na Rannáin sin chuig a gcuid oifigí nua i ndeireadh 2006.

FOIRNIÚ AGUS BUISÉAD

Leagann an tábla a leanas amach líon na mball foirne údaraithe agus na buiséid leithroinnte d'Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit do 2006.

2.3 Comhthéacs Seachtrach

Tá dúshlán ag baint le measúnú na n-eochairfhór-saí seachtracha mar gheall ar nádúr agus castacht na timpeallachta seachtraí. Cibé ar bith, tugann athbhreithniú ar éilimh ghairmiúla reatha le fios go mbeidh na réimsí a leanas suntasach, thar tréimhse ama an Ráitis Straitéise.

Suíomh	Líon Foirne	2006 Buiséad
Oifig Shráid Mhuirfean	120	€15.199 milliún
OPAS	232	€38.042 milliún
Iomlán	**352**	**€53.241 milliún**

Caibidil 2
Staid-Anailís

REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH

Tháinig ceisteanna dlí suntasacha aníos a rachaidh i gcion go mór ar obair na hOifige mar gheall ar shraith cinntí ó na Cúirteanna a bhaineann le bailíocht na reachtaíochta thánaistí, go háirithe i gcomhthéacs éifeacht a thabhairt d'achtanna institiúidí na gComhphobal Eorpach

IASACHTAÍ

Leag Tuarascáil Travers 2005 ar an Roinn Sláinte agus Leanaí béim ar an ngá atá ann go ndéanfaidh Ranna 'profáil dlíthiúlachta' chórasach nuair atá beartais á réadtiomnú agus á bhforfheidhmiú. Thagraigh Travers agus Comhchoiste an Oireachtais ar Riarachán don gá atá le méadú ar acmhainní dlí sa Roinn seo ach go háirithe, ach i Ranna Rialtais agus Oifigí eile chomh maith go ginearálta.

Chun forbairt ar acmhainneacht dlí na Ranna Rialtais agus na hOifigí a éascú, d'aontaigh Oifig Shráid Mhuirfean go n-earcófar Abhcóidí Chomhairleacha, go gcuirfear oiliúint orthu agus go lonnófar iad ar iasacht i Ranna ar leith. Tá na chéad Abhcóidí Comhairleacha earcaithe agus iad i mbun oiliúna i láthair na huaire. Tá an Oifig tar éis prótacail agus treoirlínte a fhorbairt chun dlúthchaidreamh oibre a chothabháil le dlíodóirí ar iasacht mar seo, ina chuimsítear roinnt oiriúnach na hoibre. Déanfar monatóireacht ghéar ar na socruithe iasachta agus forbrófar iad le linn tréimhse an Ráitis straitéise seo.

2.4 Dúshláin Shonracha

DÚSHLÁIN SHONRACHA PRÓISIS

I measc na ndúshlán sonrach ar dhócha a bheidh roimh Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit thar an tréimhse trí bliana amach romhainn tá:

- déileáil le ceisteanna dlí núíosacha agus cinn atá ag teacht aníos, go háirithe i réimsí an dlí eolaíochta, leighis, timpeallachta agus fostaíochta atá i mbéal forbartha;
- bainistiú na ndúshlán a chruthaíonn méadú sna cásanna athbhreithnithe breithiúnach;
- idirchaidreamh leanúnach leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, go háirithe i réimse na holldlíthíochta;
- aistriú na freagrachta maidir le Aturnaetha Stáit áitiúla, i gceisteanna coiriúla, ó Phríomh-Aturnae an Stáit go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí;
- freastal ar na dúshláin a chruthaíonn forbairt ar chás dlí faoi Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine;
- comhairliú ar idirghníomhaíocht an Stáit le Binsí Fiosrúcháin agus aon reachtaíocht atá riachtanach dóibh a dhréachtadh; agus
- leanúint le seasamh níos gníomhaí na hÉireann maidir le hidirbheartaíocht i gcásanna os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa.

REACHTAÍOCHT

- Éileamh méadaitheach chun dréacht-reachtaíocht de chastacht agus práinn éagsúil a thabhairt ar aird maidir le réimsí ilghnéitheacha dlí;
- Rannpháirtíocht Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i gCoiste Reachtaíochta an Rialtais chun pleanáil agus comhordú níos fearr a éascú idir an Oifig agus na Ranna maidir le hobair dhréachtaithe chun úsáid is fearr na n-acmhainní a bhaint amach trí bheartú tosaíochta;
- Freastal ar éileamh méadaitheach maidir le leasuithe Tí a dhréachtadh do Bhillí Rialtais;
- Comhordú idir na Ranna Stáit maidir le ceapadh beartas ar reachtaíocht leathan
- De réir an Chláir um Rialáil Níos Fearr, imlonnú na n-acmhainní do chomhdhlúthú reachta agus tionscadail athbhreithnithe

Caibidil 2
Staid-Anailís

ATHRUITHE DO CHÓRAIS PRÓISIS GNÓ

Tar éis na hathruithe agus na treochtaí a aithint inár dtimpeallacht oibre measaimid go dtarlóidh na hathruithe a leanas i gcórais próisis gnó thar an tréimhse trí bliana amach romhainn in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit araon:

FOGHLAIM AGUS ACMHAINNEACHT EAGRÚCHÁIN

- Ag cothromú an riachtanas le dréacht-reachtaíocht a chur ar fáil le hoiliúint shonrach agus riachtanais forbartha na nDréachtóirí Parlaiminte nua;
- Forfheidhmiú an Chórais Bainistíochta Acmhainní Daonna comhtháite in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit a thacaíonn le cuspóirí straitéiseacha i ngach Oifig. Leanfar le cur chuige iomlánaíoch maidir le hearcaíocht, promhadh, beartais Oifige, ardaithe céime agus forbairt foirne;
- Ag bainistiú athrúcháin i mball foirne riaracháin agus ag íoslaghdú caillteanas eolais agus scileanna mar thoradh ar athruithe sa mball foirne riaracháin toisc díláraithe;
- Beartais oiriúnacha acmhainní daonna a chur in áit, ina measc tionscnaimh oiliúna agus forbartha.

PRÓISIS AGUS CÓRAIS GHNÓ

- Forfheidhmiú iomlán ACME;
- Feabhsú breise ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun riachtanais na n-oifigí um Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a shásamh le béim ar leith ar tháscairí bainteach le hairgeadais agus costais
- Athbhreithnithe caiteachais a dhéanamh chun luach ar airgead agus soláthar éifeachtach seirbhísí a chinntiú;
- Córais a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar fhaisnéis bainistíochta faoi tháscairí neamh-airgeadais;
- Cinntiú go bhfuil cóiríocht leormhaith ag na hOifigí;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas Comhpháirtíochta i gcomhairle leis an gCoiste Comhpháirtíochta
- Socruithe tuairisce oiriúnacha a chinntiú ag cuimsiú Tuarascáil Dhul Chun Cinn ar fhorfheidhmiú na n-eochairchuspóirí sa Ráiteas Straitéise agus Treoir Seirbhísí Cliaint in Oifigí Shráid Mhuirfean agus Plean Gnímh Chustaiméara d'Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Beidh na tuarascáil seo mar chuid de Thuarascáil Bhliantúil na hOifige;
- Béim níos mó ar chomhordú na n-acmhainní faisnéise chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag úsáideoirí ar réimse feiliúnach de sheirbhísí faisnéise agus chun luach ar airgead a chinntiú;
- Rioscaí suntasacha airgeadais agus neamh-airgeadais araon a aithint, a mheas, a chur in ord tosaíochta agus a bhainistiú. Forbróidh an Oifig meicníochtaí 'luath-rabhadh' feiliúnacha agus éifeachtacha agus beidh baint ag na baill foirne leis an bpróiseas bainistíochta riosca agus rialaithe;
- Dul chun cinn maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach a thomhais, monatóireacht a dhéanamh air agus é a thuairisciú.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Aithníonn na spriocanna, cuspóirí, straitéisí agus táscairí feidhmíochta don Oifig gníomhartha sonracha nua atá le tabhairt faoi agus na gníomhartha leanúnacha tábhachtacha a gcaithfear leanúint leo chun a chinntiú go mbainfear sainordú na hOifige amach. Mar sholáthróir speisialaithe na seirbhísí dlí don Rialtas, tá ár gcroíluachanna a chuimsíonn gairmiúlacht, seirbhís ardchaighdeáin agus luach ar airgead, mar bhonntaca ag ár gcuspóirí agus straitéisí.

SPRIOC 1 - ABHCÓIDÍ COMHAIRLEACHA

Tacú leis an Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hOifige a chomhlíonadh agus Abhcóidí Comhairleacha speisialaithe a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas ag léiriú sofhreagracht, éifeachtacht, agus éifeachtúlacht

SPRIOC 2 - DRÉACHTÓIRÍ PARLAIMINTE

Seirbhís ghairmiúil um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas

SPRIOC 3 - OIFIG PHRÍOMH-ATURNAE AN STÁIT

Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlíthíochta, comhairle dlí a sholáthar agus cúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

SPRIOC 4 - SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA GNÓ OIFIG SHRÁID MHUIRFEAN AGUS CSSO

Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó nua-aimseartha agus gairmiúla a chur ar fáil a sholáthraíonn seirbhís den chaighdeáin is fearr do chliaint agus chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

3.1 Abhcóidí Comhairleacha

SPRIOC 1

Tacú leis an Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hOifige a chomhlíonadh agus Abhcóidí Comhairleacha speisialaithe a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas ag léiriú sofhreagracht, éifeachtacht, agus éifeachtúlacht.

Cuspóir 1

Seirbhís d'ardchaighdeán a sholáthar dár gcliaint le tacaíocht ó TF agus bainistíocht eolais.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Eochair-thiomantais na hOifige sa Treoir Seirbhísí Cliaint 2005 – 2007 agus Cairt Cliaint agus Custaiméara do na hAbhcóidí Comhairleacha agus Riaracháin a sheachadadh.	• Comhlíonadh leis an Treoir agus an Chairt maidir le: – Cumarsáid leis an gCliant; – Sofhreagracht – Cruinneas, cáilíocht agus comhsheasmhacht na hoibre, na n-aschur agus na comhairle; – Soláthar seirbhíse trí chomhpháirtíocht agus obair bhuíne; – Seirbhís eiticiúil agus rúnda; – Teagmháil leis an gcliant a bhainistiú agus aiseolas ón gcliant a eagrú; – Caighdeán na seirbhíse custaiméara a aontaíodh a bhaint amach.
2	Seirbhísí dlí a chomhtháthú le OPC, CSSO agus leis an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais	• Forfheidhmiú na nósanna imeachta agus cleachtais atá leagtha amach i dTuarascáil an Ghrúpa ar Rialú Cáilíochta na Reachtaíochta; • Rannpháirtíocht i bhfeidhmiú céimneach an chórais ACME; • Prótacail agus sreafaí oibre d'úsáid agus feidhmiú ceart an chórais ACME a fhorbairt; • Páirt a ghlacadh i gCoiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí, go háirithe i bhforbairt an Tríú Clár i 2007.
3	Páirt a ghlacadh sa phróiseas bainistíochta eolais.	• Prionsabail Bainistíochta Eolais a fheidhmiú chun léirfhoghlaim agus eolas teicniúil agus inbheirthe, chomh maith le saineolas agus fios gnó a roinnt.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
4	Beartais bainistíochta riosca na hOifige a fhorfheidhmiú.	• Aiseolas a sholáthar do MAC agus don Ard-Aighne ar réimsí suntasacha riosca; • Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige ag cuimsiú Beartais agus Cláir a leabú; • Athbhreithniú Seachtrach ar nósanna imeachta measúnuithe riosca go rialta; • Tuairisc bainistíochta oibre a sholáthar gach 8 seachtaine. • Aontú agus cloí le beartais, prótacail agus sreafaí oibre na hOifige.
5	Páirt a ghlacadh i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig chun seachadadh na n-aschur agus luach ar airgead a chinntiú.	• Monatóireacht ar úsáid ama na nAbhcóidí Comhairleacha trasna réimse (roghnaithe) tascanna dlí; • Pleanáil agus dáileadh na n-acmhainní ag féachaint do threochtaí sna hualaí oibre agus castacht agus méid.
6	Gníomhaíochtaí / seirbhísí ar fad a athbhreithniú agus a aithint ar chóir go ndéanfadh údaráis inniúla eile bainistiú orthu.	• Gníomhaíochtaí / seirbhísí a athbhreithniú go bliantúil chun dearbhú cé acu ar chóir go ndéanfadh údaráis eile bainistiú orthu, más ann dóibh. • Roinnt na bhfreagrachtaí aontaithe agus socruithe aistrithe le húdaráis inniúla déanta; • Treoirlínte, prótacail agus socruithe aistrithe curtha i gcrích mar is cuí.

Tá straitéisí 3, 4 agus 5 thuas le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóir 2

Straitéis na hOifige um Acmhainní Daonna bainteach leis na hAbhcóidí Comhairleacha a fhorfheidhmiú.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Baill foirne na nAbhcóidí Comhairleacha a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt.	• Ionduchtú na hOifige ar iontrálaithe nua a athbhreithniú; • Athbhreithniú bliantúil do bhaill uilig na ngrúpaí speisialaithe ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach i gcúrsaí PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oideachais, oiliúna, forbartha; • Moltaí na n-Aonad Gnó do thraenáil & oiliúint bhreise / leanúnach; • Tosaíochtaí forbartha & oiliúna comhtháite PMDS agus Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú.

Tá an straitéis thuas le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Cuspóir 3

Cuidiú i gcomhordú seirbhísí dlí an Stáit.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Cur le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chabhrú le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.	• Comhordú le comhairleoirí dlí na Ranna Rialtais a léiriú trí chruinnithe athbhreithnithe gach 6 mhí; • Forbairt an Phrótacail d'iasacht na nAbhcóidí Comhairleacha go dtí Ranna Rialtais roimh Ráithe 2, 2006; • Athbhreithnithe ar shocruithe iasachta na nAbhcóidí Comhairleacha curtha i gcrích roimh Ráithe 2, 2007 agus Ráithe 2, 2008.
2	Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas i bhforfheidhmiú na mbeartas dlíthíochta agus i láimhseáil na gceisteanna leathain.	• Athbhreithniú bliantúil an chórais roimh dheireadh Ráithe 3 chun cur chuige a éascú agus a chomhordú i leith dhlíthíocht bhaile agus ECJ; • Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idir-rannach agus coistí i láimhseáil na ngnéithe dlíthiúla de cheisteanna leathain ag cuimsiú forfheidhmiú na mbeartas leathan mar a thagann siad aníos.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

3.2 Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte

SPRIOC 2

Seirbhís ghairmiúil um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Cuspóirí

To draft

- Billí Rialtais de réir na dtosaíochtaí atá leagtha amach i gClár reachtaíochta an Rialtais,
- leasuithe ar bhillí ag céimeanna an Choiste agus na Tuarascála ar dhóigh tráthúil,
- ionstraimí reachtúla (rialúcháin ag tabhairt éifeacht d'achtanna na gComhphobal Eorpach) ar dhóigh tráthúil.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Comhoibriú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais i monatóireacht agus maoirsiú ar fhorfheidhmiú Chlár Reachtaíochta an Rialtais.	• Ullmhú na dtuairiscí seachtainiúla don CRR ar Bhillí atá á ndréachtadh san Oifig; • Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte agus Bainisteoirí na nGrúpaí ag cruinnithe an CRR; • Nuair a fhreastalaíonn Airí ar chruinnithe de CRR, cinnte a dhéanamh de go bhfreastalaíonn oifigigh ón Oifig atá ag dréachtadh na Billí don Roinn a bhfuil sé / sí freagrach as chomh maith.
2	Oiliúint agus forbairt a chur chun cinn do dhréachtóirí a earcaíodh le déanaí chomh tapaidh agus is praiticiúil.	• Cruinnithe rialta a eagrú le dréachtóirí a earcaíodh le déanaí, iad a mhaoirsiú go géar agus aiseolas rialta a thabhairt dóibh ar dhréachtadh. • Log oiliúna do dhréachtóirí a earcaíodh le déanaí le hullmhú agus le coinneáil suas go dáta acu agus le coinneáil faoi athbhreithniú ag bainisteoir an ghrúpa ar bhonn rialta.
3	Páirt a ghlacadh sa phróiseas leanúnach ina ndéantar Achtanna an Oireachtais níos inrochtana agus níos éasca le cur ar fáil.	• Comhthadhall a dhéanamh le baill foirne de Thithe an Oireachtais maidir le Billí a fhormáidiú; • Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh comhoibríocha eile a chuireann rochtaineacht agus soiléire an Leabhair Reachta chun cinn.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
4	Páirt a ghlacadh i bhforfheidhmiú na straitéise bainistíochta eolais.	• Scaipeadh na faisnéise agus an eolais i measc na ndréachtóirí. • Comhoibriú leis na hAbhcóidí Comhairleacha i roinnt an eolais agus an tsaineolais.
5	An Straitéis Bainistíochta Riosca a fhorfheidhmiú.	• Soláthar an aiseolais don MAC ar réimsí sun-tasacha riosca; • Straitéis Bainistíochta Riosca na hOifige a leabú.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

3.3 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO)

SPRIOC 3

Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlíthíochta, comhairle dlí a sholáthar agus cúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

Cuspóir 1

Cleachtas is fearr a úsáid i soláthar na seirbhísí dlí le tacaíocht ó úsáid teicneolaíocht na faisnéise agus eolas ardchaighdeáin agus tuiscint ar chleachtas dlíthiúil.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Speisialtóireacht bhreise a fhorbairt in obair thábhachtach do Ranna cliaint.	• Líon gníomhaíochtaí na gcleachtas dlíthiúla a ndéantar foinsiú allamuigh orthu; • Comhaontuithe le Ranna cliaint ar conas déileáil le ceisteanna dlí atá ag teacht aníos; • Nósanna imeachta Bainistíochta Eolais ann chun foghlaim an tsaineolais a éascú i gceisteanna dlí nua; • Acmhainní ath-imscartha mar fhreagra ar riachtanais athraitheacha
2	Leanúint le forfheidhmiú an chórais bainistíochta cásanna leictreonach atá roinnte le hOifig an Ard-Aighne.	• Feidhmiú céimneach d'úsáideoirí beartaithe ar fad a bhaint amach i 2006; • Oiliúint a sheachadadh d'úsáideoirí beartaithe ar fad ag teacht le feidhmiú céimneach; • Prótacail doiciméid d'úsáid cheart agus feidhmiú an chórais ag úsáideoirí ar fad ag teacht le feidhmiú céimneach.
3	Beartas nua bainistíochta taifead a fhorfheidhmiú (.i., beartas Eneclann mar atá aitheanta in CSSO).	• Soláthar stórála / cóiríochta do chomhaid agus do thaifid ar bhonn rannach, Ráithe 4, 2006; • Prótacail a bhreacadh do láimhseáil agus stóráil na gcomhad páipéir, iar - ACME. Ráithe 2, 2006; • Oibleagáidí maidir le comhaid a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta a sheachadadh.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
4	Cáipéisíocht agus sreafaí oibre ardchaighdeáin a chothú agus a fhorbairt chun tacú le giniúint an chomhfhreagrais dlí agus cáipéisí a úsáideann an Oifig.	• Grúpa a chothabháil chun caighdeáin i gcáipéisíocht agus sreafaí oibre a athbhreithniú, monatóireacht a dhéanamh ar riachtanais nua agus obair an ghrúpa a mhiontuairisciú chun monatóireacht feidhmíochta a chumasú; • Cinn rannóige chun athruithe oiriúnacha a aithint ar shreafaí oibre nó ar cháipéisíocht, mar is cuí.
5	Prionsabail na bainistíochta riosca ar réimsí sonraithe an chleachtais dlí a chur i bhfeidhm d'fhonn dearmaid nó moille a íoslaghdú.	• Gach rannóg le bheith sainordaithe chun déileáil le bainistíocht riosca ina gcuid pleananna gnó. Cuirfear riosca dearmaid, moille agus teip ar 'fios gnó' san áireamh. Aithneoidh gach plean gnó na rioscaí is mó a d'fhéadfadh a chur isteach ar obair na rannóige agus cuirfidh siad bearta i bhfeidhm chun tarlú rioscaí mar seo a sheachaint nó a íoslaghdú.
6	Leanúint le nósanna imeachta 'fios gnó' agus Bainistíochta Eolais na hOifige ag cuimsiú nósanna imeachta le leanúint laistigh de gach rannóg.	• Seachadadh na n-ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais le bheith taifeadta ag an Aonad Leabharlainne agus Faisnéise. Cruinnithe rannóige le haird na rannóige do nósanna imeachta agus ábhar fios gnó agus Bainistíochta Eolais a mhiontuairisciú.
7	Uas-imlonnú na mball foirne a úsáid chun baill foirne a ailíniú go dtí réimsí éilimh atá ag teacht aníos agus amach ó réimsí atá ag meath.	• Leithroinnt na foirne a athbhreithniú i réimsí dlí tearmainn, eiseachadta & EAWs agus conarthaí tráchtála d'fhonn acmhainneacht a thógáil; • Leithroinnt na foirne a athbhreithniú i réimsí dlí an Chaillte Éisteachta san Arm, na Díobhála Pearsanta agus na nÉileamh Tortach d'fhonn atheagrú na hoibre agus athdháileadh na mball foirne. Curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006; • Leithroinnt na foirne a athbhreithniú i réimsí dlí mar Rannóg Áitreabh an Stáit d'fhonn na seirbhísí dlí a sheachadadh chun tacú le beartas díláraithe an Rialtais, .i., an obair dhlí a thagann aníos ó dhíol agus éadáil na n-áitreabh Stáit a úsáidtear do chóiríocht na státseirbhíseach. Curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006;

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
8	Imlonnú na mball foirne agus modhanna oibre a bharrfheabhsú chun tacú leis an gcosaint is fearr ar olldlíthíocht.	• Comthadhaill le hOifig an Ard-Aighne i réimsí olldlíthíochta atá ag teacht aníos a aithint agus athbhreithnigh ag Príomh MAC; • Comhthadhaill leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát d'fhonn inchur bainistíochta is fearr ar éilimh a fháil i gcásanna ina bhfuil an Oifig i gcuntas. Cruinniú gach ceathrú leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht a mheasúnú do bhainistíocht cásanna agus seirbhís dlí araon; • Aistriú na freagrachta maidir le cásanna um éilimh Chailleadh Éisteachta san Arm a láimhseáil chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát roimh dheireadh Eanáir, 2006; • Comhthadhaill le hOifig an Ard-Aighne agus Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát d'fhonn inchur bainistíochta is fearr ar éilimh a fháil agus seirbhís dlí agus straitéis cáis i ndlithíocht a bhaineann le mí-úsáid leanaí. Cruinniú gach ráithe le AGO / Gníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun cáilíocht agus éifeachtúlacht na bainistíochta cáis, na straitéise agus na seirbhíse dlí a mheasúnú.
9	Imlonnú na mball foirne a bharrfheabhsú chun tacú le húsáid is fearr na foirne dlí atá ag obair ar shocruithe oibre aitíopúla	• Anailís ar threochtaí sa todhchaí i socruithe oibre aitíopúla do bhaill foirne aturnae agus feidhmeannaigh dlí a d'fhéadfadh teacht os comhair na hOifige thar an tréimhse deich mbliana amach romhainn agus beartas a fhorbairt chun bainistiú sa chomhthéacs seo. Díospóireachtaí MAC le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Meán Fómhair, 2006. Dréacht-bheartas le bheith réitithe roimh dheireadh Bealtaine, 2006 agus le bheith tugtha chuig an gComhpháirtíocht le plé. Beartas le glacadh roimh dheireadh Ráithe 4, 2006; • Modhanna oibre a athbhreithniú chun iad a dhéanamh chomh comhoiriúnach agus is féidir le socruithe oibre teaghlach-chairdiúla d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí. Staidéar píolótach le bheith curtha i gcrích i Rannóg Dlíthíochta an Dlí Choitinn roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
10	Socrú d'aistriú Seirbhíse na nAturnaetha Stáit go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.	• Téigh isteach sa chéad chéim eile d'idirbheartaíocht in Eanáir, 2006; • Idirbheartaíochtaí a chur i gcrích roimh Samhain, 2006; • Aistriú seirbhíse deireadh Ráithe 4, 2006; • Páirt a ghlacadh i socruithe idirthréimhseacha go dtí, c. Ráithe 4, 2006; • Beartas a thabhairt ar aghaidh ar sholáthar na seirbhísí dlí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i réimsí an dlí shibhialta, agus réimsí gaolmhara, áit nach bhfuil seirbhísí soláthraithe níos mó ag Aturnaetha Stáit áitiúla. Doiciméad ar bheartas le bheith réidh roimh dheireadh Ráithe 3, 2006.
11	Socrú d'aistriú Scéim Ginearálta an Ard-Aighne go dtí an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun acmhainní a ath-chomhtháthú le réimsí eile um chuntasaíocht costas dlí.	• Ardaigh leis an Roinn go luath i 2006; • Aistriú le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh Ráithe 4, 2006.
12	Acmhainneacht a chothabháil chun seirbhís dlí a sholáthar i réimsí criticiúla seirbhísí dlí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.	• Leanúint le húsáid an phainéil ‘ar glao-dhualgas’ d'aturnaetha agus feidhmeannaigh dlí ina bhfuil foireann dlí ar fáil ar róta chun freagairt ar éilimh a thagann aníos lasmuigh de ghnáthuaire-anta oibre ar bhonn 24/7. Painéal le bheith faoi bhainistíocht Cheann na Rannóige Ceartais agus Coiriúlachta agus a thuairisc oibre le bheith ar fáil d'iniúchóireacht.

Tá straitéisí 5, 6,7, 8 and 9 le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóir 2

Oibriú ar bhealach atá comhfhiosach maidir le costais agus luach ar airgead a sholáthar sa seirbhís dlí a sheachadtar.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Luach ar airgead a thomhais.	• Cleachtaí maidir le luach ar airgead a stiúradh sna réimsí a leanas. – Costais oiliúna (faoi dheireadh Ráithe 3, 2006); – Costais leabharlainne CSSO (faoi dheireadh Ráithe 2, 2007); – Táillí na nAbhcóidí i gCásanna Tearmainn (faoi dheireadh Ráithe 4, 2007); – Táillí saineolaithe (faoi dheireadh Ráithe 2, 2008).
2	Comhtháthú a chinntiú idir córas bainistíochta airgeadais agus córas bainistíochta cásanna agus taifead ag leibhéil Ceann Roinne / Ceann Rannóige.	• Córas Bainistíochta Airgeadais in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i 2006; • Tacaíocht theicniúil agus bainistíocht IT do ACME agus tionscadail ghaolmhara curtha ar fáil; • Oiliúint chun tacú le feidhmiú céimneach agus oibríocht leanúnach ACME agus tionscadail ghaolmhara curtha ar fáil; • Cáipéisíocht ar fhorbairt IT chun tacú le cothabháil sa todhchaí agus forbairt leanúnach curtha i gcrích.

Tá straitéisí 1 agus 2 thuas le brath chomh maith sa Rannóg Seirbhísí Tacaíochta Gnó.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

3.4 Seirbhísí Tacaíochta Gnó

SPRIOC

Seirbhísí corparáideacha agus tacaíochta gnó nua-aimseartha agus gairmiúla a chur ar fáil a sholáthraíonn seirbhís den chaighdeáin is fearr do chliaint agus chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Cuspóir 1

Bainistíocht Acmhainní Daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí iomlána na hOifige agus chun feidhmíocht oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh den Oifig.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS a fhorfheidhmiú.	• Plean Gníomhaíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm maidir lena straitéis Acmhainní Daonna atá ann cheana féin roimh dheireadh Ráithe 2, 2006 • Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO don tréimhse ag tosú 2008 curtha i bhfeidhm.
2	Modheolaíocht sonraithe earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt chun feabhas a chuir ar ábaltacht na hOifige i Sráid Mhuirfean agus OPAS iarrthóirí ard-acmhainneacha oiriúnacha a mhealladh agus a roghnú.	• Croí-scileanna agus inniúlachtaí aitheanta do bhaill foirne ar fad sa dá Oifig i gcomhar le Grúpaí / Ranna / Rannóga / Aonaid Ghnó mar is cuí; • Úsáid leanúnach na tástála foirmeálta um inniúlacht agus ábaltacht tugtha isteach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO; • Oiliúint agus ionduchtú déanta ar bhaill foirne nua in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de 2 mhí dóibh tosú ar an bpost; • Anailís a dhéanamh ar shocruithe oibre aitíopúla do bhaill foirne laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, iad a fhortheilgean agus beartas cuí a fhorbairt.
3	Córas TF Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú.	• Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna curtha i bhfeidhm in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006 agus a éifeachtúlacht athbhreithnithe roimh dheireadh 2007.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
4	Leanúint le deiseanna forbartha agus oiliúna a fheabhsú do bhaill foirne ar fad tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF).	• Oiliúint aitheanta trí Fhoirmeacha Próifíle Ról PMDS agus Athbhreithnithe Eatramhacha agus Bliantúla seachadta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO; • Réimeas foirmeálta um Oiliúint Bainistíochta d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO forfheidhmithe roimh Ráithe 4, 2007; • Beartais Acmhainní Daonna maidir le harduithe céime agus íocaíocht na mbreisíocht ag teacht le comhtháthú an PMDS le hAcmhainní Daonna; • Oiliúint curtha ar fáil maidir leis na hacmhainní TF ar fad agus go háirithe oibríocht leanúnach na gcóras ACME, Bainistíochta Airgeadais, Bainistíochta Acmhainní Daonna agus Bainistíochta Eolais; • Seachadadh na forbartha pearsanta agus clár oiliúna seachadta trí Ráithe 1, 2006 go dtí Ráithe 4, 2007. Measúnú déanta i dtéarmaí tráthúlachta, rannpháirtíochta agus éifeachtúlachta.
5	Cóiríocht oiriúnach a sholáthar do na baill foirne ar fad.	• Athlonnú baill foirne CSSO ar leith go cóiríocht nua eagraithe roimh dheireadh – 2006; • Cóiríocht in Oifig Shráid Mhuirfean athbhreithnithe roimh dheireadh Ráithe 2, 2006 agus dhá uair sa bhliain ina dhiaidh sin. • Aghaidh tugtha ar cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta; • Slándáil na bhfoirgneamh ar fad agus rochtaineacht orthu coinnithe faoi athbhreithniú;
6	Leanúint le hathbhreithniú agus forbairt an Phróisis Comhpháirtíochta	• Athbhreithniú Bliantúil an phróisis Comhpháirtíochta déanta sa dá Oifig;

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóir 2

Próisis bainistíochta airgeadais a fhorbairt a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar acmhainní airgeadais na hOifige chun seachadadh na n-aschur agus luach ar airgead a chinntiú

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Eilimintí an Phlean Tionscnaimh do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO	• Creatlach na Faisnéise Bainistíochta forfheidhmithe agus úsáid na feidhmiúlachta iomláine den gCóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) bainte amach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh dheireadh 2006; • Táscairí feidhmíochta foirmithe agus forbairt bhreise na dtáscairí SMART lena n-úsáid i dTuairisciú Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006; • Tuairiscí Bainistíochta Feabhsaithe forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus athbhreithnithe go míosúil ag MAC agus gach dhá mhí ag an bPríomh MAC. Forbairt bhreise na dtuairiscí chun feidhmíocht agus cinnteoireacht laethúil a fheabhsú roimh dheireadh Ráithe 3, 2006; • Creatlach Costála forbartha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus Tuairiscí Costála tosaigh ag baint úsáide as faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 3, 2006 • Athbhreithniú iomlán iar-fhorfheidhmithe ar Thionscadal Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF) in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le bheith curtha i gcrích roimh dheireadh Ráithe 1, 2006; • Tionscadal ar Leithroinnt Acmhainne, Pleanáil Gnó agus Measúnú na Feidhmíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i gcrích roimh dheireadh na Samhna, 2006; • Ullmhúchán agus cur isteach Ráiteas Bliantúla ag nascadh an Ráiteas Straitéise, pleanáil gnó agus leithroinnt acmhainne sna Meastacháin le haschuir agus thorthaí agus measúnú na feidhmíochta, le chéile le Meastacháin bliantúla Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO in éifeacht roimh Aibreán / Bealtaine, 2007 (agus go bliantúil ina dhiaidh sin).

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta (
2	Moltaí Thuarascáil Mullarkey ar chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta forfheidhmithe agus athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de na frámaí ama atá leagtha síos.	• Beartas Riosca agus Clárlanna Riosca do Ghrúpaí / Ranna / Rannóga / Aonaid Ghnó athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO gach dhá bhliain ag Coiste Riosca agus tuairiscthe ag dtí Príomh MAC agus MAC áitiúla; • Clár Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO comhaontaithe ag Coiste Iniúchta. Iniúchtaí déanta agus moltaí forfheidhmithe laistigh de fhrámaí ama comhaontaithe; • Tuarascáil Bhliantúil déanta ag an gCoiste Iniúchta ar fhorfheidhmiú na dTuarascáil Iniúchta ar fad sna hOifigí; • Cláir Athbhreithnithe Caiteachais / Luach ar Airgead in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i bhfeidhm. Athbhreithnithe déanta, athbhreithnithe go seachtrach agus foilsithe de réir na bhfrámaí ama aontaithe ag leibhéal lárnach; • Íocaíocht an úis faoi reachtaíocht um Íoc Pras íoslagdaithe, nuair is féidir.

Cuspóir 3

Córais TFC costéifeachtacha a fhorfheidhmiú a thacaíonn le gníomhaíochtaí gairmiúla idirbheartaíochta, bainistíochta agus soláthair seirbhíse san Oifig.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Feidhmiú céimneach an Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua (ACME) a chur i gcrích.	• Córas in úsáid in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i 2006; • Tacaíocht theicniúil agus bainistíocht IT do ACME agus tionscadail ghaolmhara curtha ar fáil; • Oiliúint díreach in am chun tacú le feidhmiú céimneach agus oibríocht leanúnach ACME agus tionscadail ghaolmhara curtha ar fáil; • Cáipéisíocht ar fhorbairt IT chun tacú le cothabháil sa todhchaí agus forbairt leanúnach curtha i gcrích.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
2	Córas Bainistíochta Acmhainní Daonna na Státseirbhíse a fhorfheidhmiú.	• Córas forfheidhmithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO faoi dheireadh 2006 ag teacht leis na frámaí ama lárnacha
3	Córais IT oiriúnacha a fhorfheidhmiú chun tacú le Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige i Sráid Mhuirfean agus OPAS.	• Córais oiriúnacha forfheidmithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO roimh luath 2008.
4	Córais IFin Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO hbhreithniú ag eatraimh oiriúnacha agus iad a bhreisiú nó a athscagadh mar is cuí chun a chinntiú go bhfanann siad ailínithe le straitéis gnó agus riachtanais oibríochta na hOifige.	• Athbhreithnithe tosaigh maidir le Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua agus Córas Bainistíochta Airgeadais nua comhlíonta le linn 2007; • Creatlach oiriúnach chun aon obair feabhsúcháin nó mhionchoigeartaithe a fhorfheidhmiú curtha i bhfeidhm d'fhonn é a chur i gcrích le linn 2008.
5	Straitéis IT na hOifige a nuashonrú	• Forbairt ar Straitéis IT nua le tosú sa dara leath de 2007
6	Ailtireacht theicniúil na hOifige a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leantar le bunchloch láidir a sholáthar do sheachadadh na Seirbhísí IT in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.	• Forbairtí IT measúnaithe agus deiseanna feabhsúcháin tapaithe nuair is cuí.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóir 4

Clár Nuachóirithe a fhorfheidhmiú a thacaíonn le spriocanna na hOifige a bhaint amach agus atá comhghaolmhar le Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Gealltanais aontaithe atá leagtha síos i bPleananna Gníomhaíochta Nuachóirithe a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de fhrámaí ama aontaithe.	• Dul chun cinn tuairiscithe i dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ag teacht le spriocanna ama lárnacha agus fíoraithe go seachtrach ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (CSPVG); • Moltaí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gníomhaithe agus forfheidhmithe roimh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a bheith curtha faoi bhráid ina dhiaidh sin.
2	Soláthar eochair-ghealltanais maidir le soláthar seirbhíse na hOifige mar atá leagtha síos sna Cairteacha Cliaint agus Custaiméara agus Treoir Seirbhíse Cliaint agus Plean Gnímh Chustaiméara.	• Leibhéil sásúlachta na gcliant agus an chustaiméara tomhaiste trí shuirbhéanna bliantúla na gcliant agus an chustaiméara ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i Samhain 2006 agus, arís, i Meitheamh 2008; • Suirbhé aeráide / dearcaidh a chomhlíonadh i Ráithe 4, 2006, in Oifig Shráid Mhuirfean / CSSO; • Cruinniú débhliantúil de Phainéal na gCliant in Oifig Shráid Mhuirfean chun leibhéil sásúlachta na gcliant a mheas.
3	Cinntiú go bhfuil custaiméirí dírithe chuig pointí oiriúnacha rochtana agus atreoraithe chun eolas faoin Oifig a fháil.	• Tuarascáil Bhliantúil foilsithe roimh dheireadh Ráithe 3 i 2006 agus Ráithe 2 i 2007 and 2008 agus curtha ar fáil i bhformáidí inrochtana; • Láithreán gréasáin athbhreithnithe gach dhá mhí; • Cloíonn an Oifig lena hoibleagáidí faoi Achtanna um Shaoráil Faisnéise, an tAcht um Chosaint Sonraí agus an tAcht um Chartlann Náisiúnta.

Caibidil 3
Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Cuspóir 5

Baill foirne a sholáthar le rochtain ar an bhfaisnéis agus an t-eolas atá riachtanach chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh trí fhorbairt straitéiseach na faisnéise, an eolais agus na bainistíochta taifead.

Líon	Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1	Cur chuige comhordaithe a bhunú d'eagrúcháin na faisnéise an eolais agus na bainistíochta taifead ar fud na hoifige.	• An gá le téasaras AGO / CSSO tacsanomaíochta / ar fud na oifige a fhorbairtchun tacú le heochair-fheidmeanna gnó; • Freagrachtaí eagrúcháin a dhéanamh foirmeálta maidir le cothabháil leanúnach agus forbairt comhad-phleananna, tacsanomaíochtaí, teasárais, srl. AGO / CSSO;
2	Réitigh theicniúla oiriúnacha a aithint agus a fhorfheidhmiú chun seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnó feabhsaithe a sheachadadh d'úsáideoirí	• Réiteach r-iriseáin roinnte AGO / CSSO / Oifig Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí a fhorfheidhmiú; • Nósanna imeachta fios gnó AGO / CSSO a athbhreithniú. Bunachar sonraí fios gnó AGO / CSSO roinnte a roghnú agus a fhorfheidhmiú; • Córas Bainistíocht Leabharlainne roinnte AGO / CSSO / An Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a athbhreithniú d'fhonn forbairt an Chórais Bainistíochta Leabharlainne sa todhchaí a phleanáil. Aon fhorbairtí agus bhreisiúcháin a phleanáil / fhorfheidhmiú don gcóras; • Leibhéal na seirbhísí leabharlainne agus taighde a chuirtear ar fáil do dhlíodóirí seachtracha Rialtais a athbhreithniú.
3	Seirbhísí taighde agus fios gnó feabh-saithe a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.	• Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar réimsí méadaithe speisialtóireachta sna hOifigí, agus a chinntiú go bhfuil siad seo le brath inár seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnó; • Pobail cleachtais a aithint agus / nó a fhorbairt in eochair-réimsí dlí agus iad seo a thacú le seirbhísí taighde; • Bearta a aithint chun tacú le forbairt ar scileanna neamhspleácha taighde do dhlíodóirí ag cuimsiú athbhreithniú ar uirlisí oiriúnacha e-foghlama; • Deiseanna a aithint chun comhoibriú le hAonaid Oiliúna & Forbartha agus le hAonaid IT chun deiseanna foghlama feabhsaithe a sholáthar do dhlíodóirí. Tionscnaimh oiliúna / oideachais leabharlainne agus fios gnó a ionchorpú i straitéisí oiliúna eagrúcháin.

Caibidil 4
Monatóireacht agus Tuairisciú ar Fhorfheidhmiú

Cosúil le Ranna agus Oifigí Rialtais ar fad, cuireann Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit Tuarascálacha rialta ar Dhul Chun Cinn faoi bhráid an Ard-Rúnaí, Bainistíocht agus Forbairt na Seirbhíse Poiblí, i gcomhthéacs forfheidhmiú na bPleananna Gníomhaíochta do gach oifig faoi *Dul Chun Cinn a Choinneáil* agus go deimhin clár oibre nuachóirithe ar fud na státseirbhíse.

Sonraíonn an Ráiteas Straitéise seo ár gcuspóirí agus straitéisí agus leagann sé síos na táscairí lena mbeidh feidhmíocht na hOifige measúnaithe thar an tréimhse trí bliana amach romhainn. Beidh tiomantas agus dílseacht de dhíth ag gach leibhéal den eagraíocht chun forfheidhmiú rathúil na gcuspóirí agus na straitéisí a bhaint amach toisc go bhfuil an Ráiteas Straitéise ceangailte go láidir lenár bPleananna Gnó agus le seachadadh seirbhíse.

Ag leibhéal na hOifige, cuireann Pleananna Gnó clár gníomhaíochta bliantúil nithiúil le chéile chun straitéisí a fhorfheidhmiú agus ar deireadh, ár gcuspóirí a bhaint amach dá réir. Tá na Pleananna Gnó seo, ar a n-uain, úsáidte mar bhunús do chláir oibre aonair na mball foirne ina bPróifílí Róil PMDS. Cuideoidh ár bPleananna Gnó Bliantúla linn straitéis agus pleanáil a fheiceáil mar chleachtadh leanúnach agus chuirfidh siad ar ár gcumas freagairt go solúbtha dár dtimpeallacht athraitheach.

Déanfaidh an Príomh MAC agus MAC áitiúla athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise ar a laghad dhá uair sa bhliain, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar a bhforfheidhmiú. Ag leibhéal na hOifige, déanfaidh Cinn Oifige agus a mbaill foirne athbhreithniú ar Phleananna Gnó ar bhonn leanúnach.

I measc na meicníochtaí eile chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise tá:

- Tuarascáil Bhliantúil na hOifige, a thaispeánfaidh ár ndul chun cinn maidir lenár gcuspóirí a bhaint amach;
- Coistí Comhpháirtíochta sa dá Oifig;
- Athbhreithnithe beartas déanta laistigh de na hOifigí;
- Ár gclár Bainistíochta Riosca;
- Creatlach na Faisnéise Bainistíochta;
- Clár na nAthbhreithnithe Caiteachais
- Aiseolas an chliaint (foirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon); agus
- Faomhadh leanúnach na bPleananna agus na dTuairiscí curtha faoi bhráid Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse faoi *Dul Chun Cinn a Choinneáil* agus aon socruithe tuarascála ina dhiaidh sin.

Aguisín 1
Freagrachtaí an Ard-Aighne

- Ós rud é gurb é / í an tArd-Aighne comhairleoir dlí an Rialtais, freastalaíonn sé / sí ar chruinnithe Rialtais. Tugann an tArd-Aighne comhairle don Rialtas ar na saincheisteanna bunreachtúla agus dlíthiúla a thagann aníos ag nó atá ceangailte le cruinnithe Rialtais. Mar chuid den obair seo, cuireann sé / sí comhairle orthu an dtagann reachtaíocht molta le forálacha an Bhunreachta, Achtanna agus Conarthaí an AE nó conarthaí idirnáisiúnta eile a bhfuil Éire tar éis géilleadh dóibh. Tugann an tArd-Aighne comhairle freisin an féidir leis an Stáit conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú.
- Bíonn an tArd-Aighne páirteach i ngach imeacht ina bhfuil dúshlán á thabhairt do bhunreachtúlacht reachtaíochta
- Cosnaíonn an tArd-Aighne bunreachtúlacht Bhillí a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí faoi Alt 26 den Bhunreacht.
- Déanann an tArd-Aighne ionadaíocht thar ceann an Stáit in imeachtaí dlí lena mbaineann an Stáit.
- Seasann an tArd-Aighne ar son an phobail i ngach imeacht dlí chun an dlí a chur i bhfeidhm agus chun cearta an phobail a chosaint nó a chur chun cinn.
- Tá feidhm ag an Ard-Aighne treoir a thabhairt nó a dhiúltú in iarratais eiseachadta áirithe faoi Chuid III den Acht um Eiseachadadh, arna leasú.
- Cuireann an tArd-Aighne comhairle ar an Aire Airgeadais maidir le heastáit eiséataithe.
- Tá ról cosantach ag an Ard-Aighne i leith carthanachtaí agus go háirithe i leith athruithe i gcuspóirí carthanachta.
- Tá feidhmeanna ionchúisimh áirithe fós ag an Ard-Aighne, mar shampla faoin Acht Iascaigh (Leasú) 1978.
- Tá feidhm reachtúil ag an Ard-Aighne chun cinneadh a dhéanamh ar chóir barántais a fhormhuiniú faoi na hAchtanna um Eiseachadadh 1965 go dtí 1994, agus cuireann sé / sí comhairle i gcásanna um eiseachadadh
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne i leith an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí faoin Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne i leith chláreagrú reachtúil agus tá sé / sí ina b(h)all de Choiste Reachtaíochta an Rialtais a bhfuil Príomh-Aoire an Rialtais sa chathaoir air.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne faoi Scéim an Ard-Aighne. (Is scéim neamh-reachtúil é seo faoina ndéanann an tArd-Aighne maoiniú ar imeachtaí dlí áirithe nach bhfuil clúdaithe ag cúnamh dlí.).

Tá an tArd-Aighne freagrach as feidhmiú mar dhlíodóir don Stát i mbeagnach gach dlíthíocht sibhialta ina bhfuil an Stáit, nó a chuid oifigigh ar a gcáil oifigiúil, páirteach. Is iondúil gurb é an Stát an cosantóir.

Tá an tArd-Aighne páirteach i ndlíthíocht i ngach cúirt de chuid an Stáit, i gCúirt Cheartais Chomhphobail na hEorpa (Lucsamburg) agus i gCúirt na hEorpa um Chearta an Duine (Strasbourg). Cuireann an tArd-Aighne comhairle dlí ar fáil agus bíonn sé / sí páirteach i réiteach (le cabhair scaití ó abhcóidí seachtracha) phléadáil scríofa i leith dlíthíochta sa dá chúirt. Feidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha mar ghníomhaire don Stáit i gCúirt Strasbourg agus feidhmíonn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit mar ghníomhaire don Stáit i gCúirt Lucsamburg.

Tugann an tArd-Aighne treoir d'Abhcóidí Comhairleacha, Aturnaetha agus Feidhmeannaigh Dhlí i leith gach dlíthíocht a bhaineann leis an Stáit.

Tagann ról Oifig an Dréachtóra Parlaiminte don Rialtas ó alt 6 den Acht Airí agus Rúnaithe 1924, Lámhleabhar na Comh-aireachta agus nósanna imeachta bunaithe agus áirítear ann:

- dréachtú a dhéanamh ar Bhillí Rialtais (lena n-áirítear Billí a bhfuil moltaí iontu leasú a

Aguisín 1
Freagrachtaí an Ard-Aighne

dhéanamh ar an mBunreacht);

- dréachtú, nó réiteach dréachtaí d'ionstraimí reachtúla arna ndéanamh ag an Rialtas;
- dréachtú nó réiteach ionstraimí reachtúla atá le déanamh ag Aire Rialtais, Aire Stáit nó na Coimisinéirí Ioncaim;
- dréachtú nó réiteach aon ionstraim reachtúil atá le déanamh ag duine (seachas Aire Rialtais) nó comhlacht atá údarú reachtúil faighte aige / aici é sin a dhéanamh nuair a iarrann Aire Rialtais nó Aire Stáit air / uirthi é sin a dhéanamh agus nuair atá feidhm reachtúil ag an Aire an dréacht atá i gceist a cheadú;

Is í feidhm Phríomh-Aturnae an Stáit ná feidhmiú mar aturnae d'Éirinn, don Ard-Aighne, agus do na Ranna agus na hOifigí Rialtais. I measc na bhfeidhmeanna eile tá:

- cur i gcrích tíolacadh mhaoin Stáit, lena n-áirítear Tiarna Talún agus Tionónta agus saincheisteanna eile dlí talún;
- comhairle dlí a chur ar fáil ar na saincheisteanna éagsúla a sheolann an Rialtas, na Ranna agus na hOifigí chuige agus na cáipéisí dlí riachtanacha a théann leis a dhréachtú;
- gach ionchúiseamh a chuir Aire nó Roinn Rialtais tús leis a réiteach agus a chur i láthair;
- feidhmiú mar Ghníomhaire Rialtais os comhair Cúirt Cheartais na hEorpa;
- feidhmiú ar son an Stáit i bhfiosrúcháin faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921–1998 agus foireann dlí a chur ar fáil chun feidhmiú thar ceann na mBinsí Fiosrúcháin, leas an phobail agus údaráis ábharthacha Stát eile;
- seirbhís aturnae a sholáthar i ngach cúirt sibhialta agus binse fiosrúcháin a bhfuil baint ag an Stáit, aon Údarás Stáit nó an Ard-Aighne leis;
- na feidhmeanna a chur i gcrích faoin Rialachán Comhairle (AE) Uimh 1348 / 2000 de 29 Bhealtaine, 2000 agus Coinbhinsiún na Háige 1965 maidir le Cáipéisí Breithiúnacha agus Seachbhreithiúnacha a sheirbheáil Thar Lear in Ábhair Shibhialta nó Tráchtála;
- a bheith mar ionadaí don Stát agus do Údaráis an Stáit i ngearradh cánach ar chostais os comhair na Máistrí Fómhais.

Aguisín 2
Cairt Eagrúcháin



Aguisín 3
Páirtithe Leasmhara Seachtracha



Aguisín 4
Coistí agus Coimisiúin

Bord Comhairleach Oifig Náisiúnta na Leanaí

Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Gréasán Bainistíochta an Athraithe

Gréasán Oifigeach Oiliúna na Státseirbhíse

An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe

Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí

Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

Comhairle Chomhairleach na dTomhaltóirí

Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin

Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí an Teaghlaigh

Coiste na Rialacha Cúirte

Foireann Thras-Rannach um Bonneagair

Grúpa Tras-Rannach um Méadú an AE agus Saorghluaisteacht

Grúpa Oibre an AE um Próiseáil Sonraí Dlíthiúla

Grúpa Oibre AE um Dhlí Conartha

Grúpa Maoirseachta AE ar an gCoinbhinsiúin Idir-Rialtais

Gréasán na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise (FOI)

Gréasán na nOifigeach Tadhaill um FOI

Grúpa Ghréasán Úsáideoirí na FOI

Grúpa Oibre an Gharda um Scagadh

Grúpa Forfheidhmiúcháin an Gharda um Scagadh

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Foireann Meastóireachta Greco

Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

Fóram Bainisteoirí Teicneolaíochta Cumarsáide agus Faisnéise

Grúpa Oibre Dlí Shochaí na Faisnéise

An Grúpa Forfheidhmíochta um Shaincheisteanna Cúitimh

An Coiste Idir-rannach um Dhlíthíocht faoi Chailliúint Éisteachta

Coiste Idir-rannach um Athchóiriú Pósta

An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Ghnóthaí Eorpacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlithíocht Riachtanais Oideachais Speisialta

Grúpa Oibre Idir-rannach um Tháillí Thithe Altranais

Coiste Idir-rannach um Shaincheisteanna Núicléacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlithíocht Mí-Úsáid Luathóige

Grúpaí Oibre Idir-rannach um Míchumas

Coiste Idir-rannach um Bonneagar

Coiste Idir-rannach um Chúnaimh Stáit

Grúpa Idir-rannach um moladh an Choimisiúin i gcomhair Gníomhaireacht Rialaithe Iascaireachta Eorpach

An Grúpa Idir-rannach ar Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtaíochta Shochaí na Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Imscrúdú Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Tascfhórsa Idir-rannach ar Thuarascáil an Choimisiúin um Stádas Daoine le Míchumais

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Gréasán Iniúchta Inmheánaigh

Coiste Dlí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Muirí

An Sainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach (INLEX)

Gréasán Bainisteoirí Leabharlainne

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

Aguisín 4
Coistí agus Coimisiúin

Ball den Choimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe

Coiste Comhairleach MIF

Fo-ghrúpa Bainistíochta Thionscadal an MIF

An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Chúrsaí Eorpacha

Grúpa Comhairleach "Gan Locht"

Tuaisceart Éireann (grúpaí éagsúla a phléann le gnóthaí Thuaisceart Éireann)

Coiste Dlí Núicléach (Gníomhaireacht Fuinnimh Núicléach, brainse den OECD)

Gréasán na nOifigeach Pearsanra

Gréasán PMDS

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifige

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialaitheach Aonair

Coiste Tadhaill na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stáit

Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

An Grúpa um Straitéis Cánach

Grúpa Oibre na Saineolaithe Teicniúla um an gConradh Bunreachtúil

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe ar an Dlí Idirnáisiúnta Trádála)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadrán

Grúpa Oibre UNCITRAL um Saincheisteanna Slándála

Grúpa Oibre UNCITRAL um Thráchtáil Ríomhchuidithe

Grúpa Oibre UNCITRAL um Dhlí Dóchmhainneachta

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí

An Grúpa Oibre chun Seirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

Grúpa Oibre ar Chostais Dlí

Aguisín 5
Cuid 1: Abhcóidí Comhairleacha

Tá Grúpa A Tá Grúpa A freagrach as na réimsí a bhaineann leis dlí coiriúil, an nGarda, dlí, príosúin, na cúirteanna agus na breithimh, cúrsaí Angla-Éireannacha, sócmhainní coiriúla, eiseachadadh, cúnamh frithpháirteach, ceapadh phacáistí teileacumarsáide agus poist, bearta dlí coiriúil an AE, clúmhilleadh,ceadúnú agus saincheisteanna na Gaeilge

Tá an grúpa comhdhéanta de Chomhordaitheoir an Ghrúpa agus cúigear Dréachtóir Comhairleacha eile.

Tá Grúpa B freagrach as na réimsí a bhaineann le dlí idirnáisiúnta príobháideach, trádáil ócáideach agus fhánach, staitisticí, Acht na nIonstraimí Reachtúla, saincheisteanna dlí sibhialta, Binse Fiosrúcháin Haughey / Lowry - leas an phobail, díobháil phearsanta, sláinte, saincheisteanna fola, mí-úsáid leanaí, orgáin agus vacsaíní, ginmhilleadh, uchtú, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlaigh, ombudsman, núicléach, sláinte agus sábháilteacht agus dlí comhshaoil.

Tá an grúpa comhdhéanta de Chomhordaitheoir an Ghrúpa agus ceithre Abhcóide Comhairleacha eile.

Tá Grúpa C freagrach as na réimsí a bhaineann le tearmann agus inimirce, cúnaimh agus deontais stáit, dlí iomaíochta, craolachán, leictreachas, iascaigh, cladach, dlí na farraige, dlí loingseoireachta, cuanta, muiríní, seirbhís gardachósta na hÉireann, coimisinéirí Soilse na hÉireann, mona, trádáil idirnáisiúnta, gás, dlí poist, iompar bóthair agus busanna, achtanna um thrácht ar bhóithre, dlí ioncaim, comhaontuithe cáin dhúbailte, Bonneagar Náisiúnta / Plean Forbartha Náisiúnta / Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, An Ghaeltacht, saincheisteanna Angla-Éireannacha, Cosaint, Cosaint Tomhaltóirí, Árachas Creidmheasa onnmhairithe, Aisíocaíochtaí onnmhairithe, Iompar Aeir agus Iompar Iarnróid.

Tá an grúpa comhdhéanta de Chomhordaitheoir an Ghrúpa agus ceithre Abhcóide Comhairleacha eile.

Tá Grúpa D freagrach as na réimsí a bhaineann le caingne insteora, saincheisteanna féimheachta / dócmhainneachta / leachtaithe, carthanachtaí, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Cuntas Leithreasaithe, Bille, meastacháin agus nósanna imeachta airgeadais a bhaineann leis an Státchiste agus leis an Audit Department Act 1866, Caiteachas Leithreasaithe agus Poiblí, Dlí Probháide agus Comharbais, Eadráin, baincéireacht, Billí Malartáin, Cumainn Fhoirgníochta, Dlí Cuideachta, Eitic, Árachas, Clárú Talún, Tiarna Talún agus Tionónta, Cumaisc agus Monaplachtaí, Méadreolaíocht, Mianadóireacht agus Cairéalú, Peitriliam, Monaplachtaí Stáit, an tAcht Maoine Stáit, Stocmhalartán agus Dlí Infheistíochta, Teileachumarsáid, Seirbhísí Sochaí na Faisnéise, UNCITRAL, Údaráis Stáit eile, Dlí Toghcháin, Comhlacht Gnó agus Trádála Thuaisceart Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, Rialacháin chun Gealltanais a Aistriú, Comhlachtaí Leathstáit, Tobac, Turasóireacht agus Achtanna Pleanála.

Tá an grúpa comhdhéanta de Chomhordaitheoir an Ghrúpa agus ceithre Abhcóide Comhairleacha eile.

Tá Grúpa E freagrach as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, An tOireachtas agus Athchóiriú Oireachtais, Airí agus Rúnaithe, An tSeirbhís Phoiblí, Dlí Saothair, Cabhair Dlí, Cultúr, Cearta an Duine, Cróinéirí, conarthaí Rialtais lena n-áirítear soláthar poiblí, Seirbhís Taidhleoireachta agus Chonsalach, An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, Pléascáin agus Airm thine, Cluichíocht, Achtanna Crannchuir agus Geallghlacadóireachta, Acht um Rúin Oifigiúla, Foraoiseacht, Talmhaíocht agus Dlí Leasa Shóisialaigh.

Tá an grúpa comhdhéanta de Chomhordaitheoir an Ghrúpa agus ceithre Abhcóide Comhairleacha eile.

Tá Abhcóide Comhairleach sinsearach ag céim níos airde ná an Rúnaí Cúnta freagrach as na réimsí a bhaineann le Clúmhilleadh, Costais, Binsí Fiosrúcháin, Coistí Imscrúdaithe agus Coistí Oireachtais, dlíthíocht Goodman, Binse Fiosrúcháin Morris, saincheisteanna Institiúideacha an AE, córas dlí CE, saincheisteanna cothrománacha agus Cothrománach AE i gcás saincheisteanna ODP agus na Bruiséile amháin.

Oibríonn an attaché dlí leis an mBuanionadaíocht chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil freisin

Aguisín 5
Cuid 2: Dréachtóirí Parlaiminte

Grúpa 1 - tá Grúpa 1 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna agus Oifigí seo a leanas-

- An Roinn Talmhaíochta agus Bia
- An Roinn Airgeadais (lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim)
- An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
- An Roinn Iompair
- Roinn an Taoisigh

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa ag leibhéal Ard-Rúnaí, cúigear Dréachtóir Parlaiminte eile agus dréachtóir conartha.

Grúpa 2 - tá Grúpa 2 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna seo a leanas-

- An Roinn Cosantae
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
- An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir Grúpa ag leibhéal Rúnaí Cúnta, triúr Dréachtóir Parlaiminte eile agus beirt dréachtóir conartha.

Grúpa 3 - tá Grúpa 3 freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna seo a leanas-

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Eachtracha
- An Roinn Sláinte agus Leanaí
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Tá an grúpa comhdhéanta de Bhainisteoir an Ghrúpa ag leibhéal Ard-Rúnaí, seisear Dréachtóir Parlaiminte eile agus triúr dréachtóir conartha.

Aguisín 5
Cuid 3: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Tá cúig Rannán Dlí san Oifig agus Rannán Riaracháin amháin agus tá na Rannáin seo eagraithe i Rannóga agus Aonaid chun riachtanais oibre cliant a thógáil san áireamh

RANNÁIN

Rannán an Dlí Phoiblí

Tá an Rannán seo comhdhéanta de dhá Rannóg, an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta agus Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha

An Rannóg Tráchtála agus Bunreachta

Tá an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta freagrach as réimse leathan caingne sibhialta i gcoinne an Stáit agus Údaráis Stáit a chosaint. Ar na saincheisteanna dlí a bhíonn i gceist i gcásanna den chineál seo tá dlí tráchtála, bunreachtúil, conartha, fostaíochta, árachais, comhshaoil, toghchánach, pleanála, tithíochta, sláinte an phobail, leasa shóisialaigh, riaracháin agus Aontais Eorpaigh. Téann cásanna ar aghaidh chuig éisteacht iomlánach san Ard-Chúirt i gcónaí, agus is minic a dhéantar achomharc chuig an gCúirt Uachtarach. Ó am go ham, cuirtear cásanna ar aghaidh chuig Cúirt Cheartais na hEorpa. Láimhseálann an Rannóg imeachtaí sa Chúirt Chuarda freisin, agus, ach ní chomh minic, imeachtaí sa Chúirt Dúiche.

Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha

Déanann an Rannóg seo ionadaíocht thar ceann an Stáit agus Údaráis an Stáit in iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha. Cuireann Athbhreithniú Breithiúnach bealach ar fáil ina bhfeidhmítear rialú breithiúnach i leith gnímh riaracháin, agus is é an próiseas lena gcleachtann an Ard-Chúirt a dlínse i leith imeachtaí agus cinntí na n-íoschúirteanna, binsí agus comhlachtaí eile a mbíonn feidhmeanna gar-bhreithiúnacha acu nó a mbíonn freagrach as forfheidhmiú gníomhartha agus dualgas poiblí a chomhlíonadh. Pléann an Rannóg seo, freisin le habeas corpus, cásanna sonraithe, cásanna uchtála, aistriú daoine ar cuireadh pianbhreith orthu, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus seirbheáil cáipéisí faoi Rialachán Chomhairle an AE Uimh. 1348/2000 agus Choinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha a sheirbheáil thar lear in ábhair shibhialta agus tráchtála.

An Rannóg Tearmainn agus Seirbhísí Dlí

Tá dhá Rannóg sa Rannán seo, mar atá ann an Rannóg Tearmainn agus An Rannóg Seirbhísí Dlí.

An Rannóg Tearmainn

Láimhseálann an Rannóg Tearmainn gach cás tearmann, inimirce agus athdhúichithe thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig Choimisinéir um Iarratais Dídeanaithe, an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda Síochána. Is obair dhlíthíoch den chuid is mó atá i gceist, a láimhseálann iarratais ar Athbhreithnithe Breithiúnacha (i gcomhair cead dul chun cinn agus éisteachtaí ábhartha araon) chomh maith le hiarratais Habeas Corpus sa réimse tearmainn agus bíonn gá le freastal laethúil os comhair na hArd-Chúirte. Láimhseálann an Rannóg seo iarratais Cúirte Dúiche a bhaineann le hAcht na nDídeanaithe 1996, arna leasú.

An Rannóg Seirbhísí Dlí

Tá an Rannóg seo freagrach as cuntasaíocht costais dlí (lena n-áirítear measúnú ar bhillí costais agus féachaint do ghearradh cánach de sin) agus i gcomhair fáil ar ais costais dlí atá dlite don Stát. Tá sí freagrach freisin as táillí Abhcóidí a íoc agus gníomhaíonn sí do na hÚdaráis Stáit in éilimh Chúitimh an Gharda agus don Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair Bhinse Fiosrúcháin Luachála. Láimhseálann an Rannóg seo iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach i gceisteanna coiriúla sa Chúirt Dúiche agus bíonn sí páirteach i réiteach ionchúisimh Aireachta. Tá Ceann na Rannóige sa chathaoir ar Choiste a dhéanann maoirsiú ar scéim oiliúna dlí do fhoireann oibre cléireachais san Oifig.

Rannán Áitreabh an Stáit

Láimhseálann Rannán Áitreabh an Stáit saincheisteanna idirbhearta áitribh, tiarna talún agus tionónta, pleanáil agus saincheisteanna teidil don Stáit. Tá sé eagraithe i dtrí Rannóg.

Aguisín 5
Cuid 3: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Oifig na nOibreacha Poiblí/Rannóg Sláinte agus Leanaí

Láimhseálann an Rannóg seo tíolacadh tráchtála do Oifig na nOibreacha Poiblí den chuid is mó, agus athraíonn an bhéim ó am go ham chun riachtanais leantach Oifig na nOibreacha Poiblí mar ghníomhairí bainistíochta áitribh don Stát a chomhlíonadh. Clúdaíonn an obair seo cóiríocht a chur ar fáil ar léas tráchtála do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus áitribh a fháil agus fáil réidh leo faoi chláir mar an Clár Sócmhainní Stáit a Aistriú, An Clár Soláthair Shuíomh Scoile agus an Clár Díláraithe. Tugtar faoi chodán beag den obair don Roinn Sláinte agus Leanaí freisin.

An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt

Láimhseáiltear obair áitribh do roinnt Ranna Rialtais, is iad sin an Roinn Cosanta; an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Iompair; sa Rannóg seo. Mar chuid den obair seo bíonn áitreabh a dhíol nach dteastaíonn le haghaidh cúrsaí míleata a thuilleadh, léasanna agus ceadúnais Cladaigh, díolacháin agus léasanna ar shuímh ag ionaid Chuanta Iascaireachta agus láimhseáil na riachtanais dlí maidir le Deontais Chrannchur Náisiúnta agus Deontais Gaeltachta.

An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Oidhreachta

Áirítear leis an obair a dhéantar sa Rannóg seo gnéithe maoine de Scéim Slánaíochta Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha, tarscoileadh ar áitreabh chuideachtaí díscaoilte faoin Acht Maoine Stáit 1954 agus an déileáil le eastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an chomharbacht díthiomnóra bhunúsach. Clúdaíonn an obair oidhreachta séadchomharthaí náisiúnta, áitribh stairiúla agus talamh portaigh a fháil chun críche caomhnaithe.

Rannán Ceartais agus an Dlí Choitinn

Láimhseálann an Rannán seo líomhaintí mí-úsáide luathóige i gcoinne an Stáit, tarmligthe don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit faoin Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Tarmligean Fheidhmeanna Bainistíochta Éilimh) 2005 chomh maith le héilimh tortacha agus díobhála pearsanta. Tá trí Rannóg ann

Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta

Láimhseálann an Rannóg seo éilimh díobhála pearsanta ginearálta nach dtarmligtear do Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit, ar nós éilimh i leith dhliteanas i gcomhair fulaingt intinne a cuireadh ar dhuine d'aon turas, táirgí lochtacha, ionchúiseamh mailíseach, sárú mailíseach den phróiseas sibhialta agus ionsaithe a dhéanann Gardaí agus Oifigigh Príosúin.

Rannóg na nÉileamh Tortach

Tá Rannóg na nÉileamh Tortach freagrach as obair i dtaca le mí-úsáid luathóige lena n-áirítear dlíthíocht as líomhaintí mí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus Scoileanna Lae, chomh maith le hobair os comhair an Choimisiúin um Fhiosrúcháin faoi Mhí-Úsáid Leanaí. Láimhseálann sí éilimh ar dhamáistí i gcomhair meabhlaireachta, bréag díobhálach, clúmhilleadh, gortú a tharla do bhall den Gharda Síochána nó de na Fórsaí Cosanta taobh amuigh den Stát agus iad ag obair ar son an Stáit, chomh maith le hiarratais chuig an Ard-Chúirt ó dhaoine a fuair an galar Heipitítis C nó HIV nó an dá cheann ó fhuil nó ó tháirgí fola a tugadh dóibh.

An Rannóg Ceartais agus Coireachta

Láimhseálann an Rannóg seo imeachtaí eiseachadta, iarratais i gcomhair Barantás Gabhála Eorpach faoin Acht um Barántas Gabhála Eorpach 2003 mar a leasaíodh é agus tabhairt comhairle maidir le haistriú dhaoine faoi na hAchtanna um Aistriú Dhaoine faoi Phianbhreith 1995 agus 1997. Stiúrann foireann na Rannóige Ionchúisimh Aireachta agus déanann siad ionadaíocht thar ceann na nGarda Síochána ag éisteachtaí Iarratais ar Cheadúnais Deochanna Meisciúla agus Iarratais Maoine Póilíní. Cuireann siad ionadaíocht ar fáil don Stáit freisin ag Inchoisní.

Aguisín 5
Cuid 3: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

An Rannán Comhairleach

Tá ceithre Rannóg sa Rannán Comhairleach, mar atá an Rannóg Chomhairleach Speisialta, an Rannóg Chomhairleach Ghinearálta agus Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa agus an Rannóg um Chonarthaí Tráchtála.

An Rannóg Chomhairleach Speisialta

Láimhseálann an Rannóg saincheisteanna comhairleacha dlí ar leith agus tá an phríomh-fhreagracht uirthi maidir le láimhseáil obair na mBinsí Fiosrúchán. Cuireann aturnaetha ón Rannóg Chomhairleach, lena n-áirítear iad siúd ar an taobh comhairle ginearálta, ionadaíocht ar fáil do Bhinsí Fiosrúcháin chomh maith le hionadaíocht ar na Ranna Rialtais agus an Ard-Aighne (mar ionadaí ar leas an phobail) os comhair Bhinsí Fiosrúcháin den chineál seo. Is iad na Binsí Fiosrúcháin atá ag feidhmiú ag dáta foilsithe an Phlean Gnímh Custaiméara seo ná na Binsí Fiosrúcháin maidir le gearáin i leith cuid de na Gardaí i Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris"), an Binse Fiosrúcháin i leith íocaíochtaí chuig na hUasail Charles Haughey agus Michael Lowry ("Binse Fiosrúcháin Moriarty") agus an Binse Fiosrúcháin i leith Ábhair Pleanála agus Íocaíochtaí Áirithe ("Binse Fiosrúcháin Mahon").

An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta

Láimhseáiltear réimse leathan d'obair chomhairleach agus chúirte sa Rannóg seo, lena n-áirítear obair Binsí Fiosrúcháin (féach thuas), ag tionscnamh dlíthíocht Gearánaí thar ceann an Stáit, imeachtaí dlí cuideachta, eadráin faoi dhlí na hÉireann, cúrsaí uchtála, iarratais ar fhollasú cáipéisíochta, imeachtaí comhshaoil, ionchúisimh fhiadhúlra agus gnáthóige, agus comhairle a thabhairt i leith iniúchadh agus forbairt mianadóireachta agus peitriliam.

Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa

Láimhseálann an Rannóg seo obair fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht thar ceann an Stáit os comhair Coimisinéirí um Chearta, an Cúirt Oibreachais, an Binse Achomhairc Fostaíochta agus Oifig an Stiúrthóra Imscrúdaithe Comhionannais. Tá sí freagrach freisin as ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa sa Lucsamburg (is é Príomh-Aturnae an Stáit Gníomhaire na hÉireann ag an gCúirt) agus ina theannta sin, gníomhaíonn sí don Stáit in imeachtaí taobh amuigh dá thailte ar nós eadráin idirnáisiúnta

Rannóg um Chonarthaí Tráchtála

Bunaíodh an Rannóg seo i 2005 agus tá leithdháileadh de ceithre Aturnae ann anois. Láimhseálann an Rannóg seo tairiscintí, comhairlí maidir le soláthairtí, ceadúnais sonraí, comhairlí conarha agus dréachtú conartha ar don Ranna agus Oifigí Rialtais.

Rannóg na Sócmhainní Coiriúla

Cuireann an CSSO seirbhís Aturnae ar fáil i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

Rannóg Acmhainní Daonna

Tá Bainisteoir Acmhainní Daonna i gceannas ar an Rannóg seo agus tá sé freagrach as gach feidhm pearsanra taobh istigh den CSSO. Ar chuid den obair seo tá taifid foirne a chruthú agus a chothabháil, foireann sheachtrach a earcú agus comórtais i gcomhair ardú céime a eagrú, oiliúint insealbhaithe do bhaill foirne nua, eolas ar fhostaíocht sa Státseirbhís a sholáthar, an fhoireann a choinneáil ar an eolas maidir le forbairtí i leith saincheisteanna seirbhíse, sláinte agus sábháilteachta agus cur i bhfeidhm PMDS. Is é/í an Bainisteoir Acmhainní Daonna an pointe teagmhála Saoráil Faisnéise don CSSO.

Aonad na gCuntas

Tá an tAonad seo freagrach as gach íocaíocht a dhéanann an CSSO, seachas párolla agus líon beag íocaíochtaí arna bpróiseáil tríd an Aonad Cuntasaíocht Costais. Tá sé freagrach freisin as taifid airgeadais a chothabháil agus as a chinntiú go bhfuil cleachtais smachtaithe éifeachtacha i bhfeidhm. Roinneann an CSSO Iniúchóir Inmheánach agus Cuntasóir le hOifig an Ard-Aighne agus cothaíonn sé Clár Iniúchta Inmheánaigh agus Coiste Iniúchta Inmheánaigh faoi chathaoirleach neamhspleách agus seachtrach.

Aguisín 5
Cuid 3: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Teicneolaíochta na Faisnéise

Tá Bainisteoir Teicneolaíochta Faisnéise i gceannas ar an Aonad seo, agus i measc a c(h)uid freagrachtaí tá bainistíocht, forbairt, cothabháil agus seirbhísiú gach acmhainn IT i dtéarmaí cruaearraí agus bogearraí araon agus le haird ar leith ar na bunachair sonraí agus córais chumarsáide a thacaíonn le feidhmeanna seirbhíse dlí an CSSO lena n-áirítear córais airgeadais, leabharlainne agus acmhainní daonna. Tá ról lárnach ag an Aonad i gcur i bhfeidhm straitéis IT an CSSO. Tá baill den Aonad sannta chun oibriú ar Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua CSSO (ACME), atá á shuiteáil i gcomhar le hOifig Shráid Mhuirfean, agus i measc a ndualgas ar an tionscadal seo tá forbairt agus tástáil córais, ascnamh sonraí, cur i bhfeidhm, tacaíocht tar éis don chóras a bheith curtha i bhfeidhm, agus tacaíocht úsáideora.

An tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó

Is é an ról atá ag an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó ná rochtain a chur ar fáil don fhoireann oibre ar an eolas agus faisnéis a theastaíonn chun seirbhísí dlí d'ardchaighdeán a sheachadadh. Tá an tAonad faoi bhainistíocht Leabharlannaí Dlí atá freagrach as forbairt straitéiseach acmhainní agus seirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus fios gnó. Is Leabharlannaí Dlí Cúnta, Cúntóir Leabharlainne agus Oifigeach Fios Gnó iad na baill eile den fhoireann. Chomh maith le bainistiú bhailiúcháin dlí cruachóipe agus leictreonach agus seirbhísí traidisiúnta leabharlainne dlí a sholáthar, láimhseálann an tAonad go leor ceisteanna taighde dlí, cuireann sé seirbhísí feasachta reatha ar fáil, seachadann sé cláir oiliúna scileanna faisnéise agus tacaíonn sé le tionscnaimh oideachais CSSO. Tá tiomantas láidir ag an Aonad i leith forbairt acmhainní bainistíochta faisnéise taobh istigh den CSSO agus tá sé chun tosaigh i leith chur i bhfeidhm thionscnaimh agus straitéisí comhroinnte eolais.

An tAonad Oiliúna agus Forbartha

Tá an tAonad seo freagrach as cúrsaí oiliúna a fhorbairt don CSSO, go háirithe an oiliúint agus forbairt a d'aithin an fhoireann ina bhFoirmeacha Oiliúna agus Forbartha Pearsanta faoin PMDS.

Tá roinnt ceannteidil faoina dtagann an oiliúint, oiliúint IT, oiliúint dlí agus oiliúint ghinearálta a bhfuil oiliúint bhainistíochta, oiliúint forbartha pearsanta agus oiliúint seirbhíse custaiméara san áireamh ann.

Spreagann an CSSO an fhoireann oibre chun tabhairt faoi thuilleadh oiliúint acadúil lena n-áirítear cúrsaí iarchéime agus tá Scéim Aisíoc Táillí i bhfeidhm chuige seo.

Aonad na Seirbhísí Oifige

Tá sé seo comhdhéanta de Ionad Cáipéisíochta agus Aonad Seirbhísí. Cuireann an tIonad Cáipéisíochta na seirbhísí fótachóipeála agus nasctha go léir ar scála mór ar fáil don fhoireann oibre, agus tá an tAonad Seirbhísí freagrach as seirbhísí tacaíochta eile don fhoireann oibre, lena n-áirítear post a oscailt, a scaipeadh agus a bhailiú, slándáil, seirbhísí glantacháin, feidhmiúchán ardaitheoirí, fáiltiú, teileafóin, teas, solas agus pluiméireacht, sláinte agus sábháilteacht, stáiseanóireacht agus trealamh oifige a ordú agus a sholáthar, cúiréirí agus tacsaithe a ordú agus clár de shócmhainní fisiciúla san Oifig a chothú.

Aonad Taifead agus Clárlainne

Is í an fheidhm atá ag an Aonad seo, atá faoi cheannas Oifigigh Bainistíochta Taifead (a bhfuil ról cosúil aige / aici in Oifig an Ard-Aighne), ná taifid an CSSOa bhainistiú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach a thagann leis an gcleachtas is fearr sa réimse seo. Tá sé freagrach as gach comhad dúnta a stóráil, a chothabháil agus a aisghabháil agus as a chinntiú go gcloítear leis an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986. Déanann an tAonad seo bainistíocht freisin ar dháileadh gach facs agus ríomhphoist a fhaightear go lárnach

Aguisín 5

Cuid 4: Aonaid Riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean

An Rannán Riaracháin

Tá Ceann Riaracháin atá ag grád Príomh-Oifigigh i gceannas ar an Rannán. Tá sé comhdhéanta d'aonaid mar a leanas:-

An tAonad Acmhainní Daonna

Tá Príomh-Oifigeach Cúnta i gceannas ar an Aonad a bhfuil seisear foirne ann le folúntas do phost mar Oifigeach Oiliúna agus Forbartha. Tá an tAonad freagrach as feidhmeanna pearsanra taobh istigh den Oifig, agus ina theannta sin déanann sé maoirsiú ar chur i bhfeidhm straitéis acmhainní daonna na nOifigí. Déantar plé ar aon bheartais nó nósanna imeachta nua a thagann as an straitéis ag cruinnithe de chuid an Choiste Chomhpháirtíochta. Beidh an tAonad freagrach freisin as maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Acmhainní Daonna na nOifigí i ndeireadh 2006.

Aonad Teicneolaíochta na Faisnéise

Tá Príomh-Oifigeach Cúnta i gceannas ar an Aonad a bhfuil seachtar foirne ann, le folúntas amháin mar Oifigeach Feidhmiúcháin / Anailísí Córas Sóisearach. Chomh maith lena fhreagracht i dtaca le córais IT, bonneagar agus acmhainní na hOifige a chothabháil tá ról lárnach ag an Aonad i gcur i bhfeidhm na gcóras a thagann as Plean IT na nOifigí, lena n-áirítear an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua (ACME) agus cur i bhfeidhm leanúnach mhodúil nua den Chóras Bainistíochta Airgeadais

An tAonad Leabharlainne agus Fios Gnó

Tá Bainisteoir Faisnéise i gceannas ar an Aonad Leabharlainne agus Fios Gnó, agus tá seisear foirne ann. Tá an tAonad freagrach as áiseanna leabharlainne dlí agus faisnéis dlí agus seirbhísí fios gnó a sholáthar.

An tAonad Airgeadais

Tá foireann oibre seisear ag an Aonad, agus faigheann siad tacaíocht ó shaineolas airgeadais chuntasóir gairmiúil. Tá sé freagrach as gach íocaíocht, seachas párolla a phróiseáil, taobh istigh de Chóras Bainistíochta Airgeadais na nOifigí, taifid airgeadais a chothabháil, agus tuairisceáin Mheastacháin agus an Chuntas Leithreasaithe bhliantúil a réiteach. Déanann an tAonad comhthadhlú leis an Oifigeach Táillí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit chun a chinntiú go n-íoctar táillí le habhcóidí agus aturnaetha go rialta

Iniúchadh Inmheánach

Roinneann an Oifig Iniúchóir Inmheánach le hOifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Déanann Coiste Iniúchta, a thagann le chéile go rialta, maoirsiú ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh.

Clárlann

Láimhseálann an Clárlann, a bhfuil foireann de naonúr aige, an post ar fad a thagann isteach chuig an Oifig agus cothaíonn sí na comhaid dlí go léir taobh istigh den Oifig. Tá páirt lárnach ag an Aonad i gcur i bhfeidhm Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead nua na nOifig agus déanann sé scrúdú ar ábhar agus aithníonn sé é le haghaidh aistriú chuig Oifig na gCartlann Náisiúnta.

Aonad na Seirbhísí

Tá an tAonad comhdhéanta de cheathrar baill foirne agus láimhseálann sé na réimsí go léir a bhaineann le cothabháil chóiríocht Oifige, soláthairtí oifige a sholáthar, socruithe slándála cuí a chinntiú, cumarsáid teileafóin, ócáidí a eagrú, comhordú a dhéanamh ar iarratais saoráil faisnéise chomh maith le Clár Sócmhainne na hOifige a chothú.

Oifigí Príobháideacha

Tá Rúnaí Príobháideach, Cúntóir Speisialta, Rúnaí Pearsanta agus beirt bhall foirne Cléireachais Tacaíochta ag an Ard-Aighne. Tá Rúnaí Príobháideach agus beirt baill foirne Chléireachais Tacaíochta ag an Ard-Stiúrthóir, a fhreastalaíonn ar an Leas-Ardstiúrthóir agus Ceann Riaracháin. Tá Rúnaí Príobháideach ag an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte.

An tAonad um Bainistíocht Athraithe

Tá Príomh-Oifigeach Cúnta i gceannas ar an Aonad agus is foireann beirte atá ann.
Tá an tAonad freagrach as cur i bhfeidhm an

Aguisín 5

Cuid 4: Aonaid Riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean

Chláir Athraithe a thagann ó thionscnaimh ar nós an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach (SMI) / Ag Seachadadh Rialtas níos Fearr, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS), Creatlach na Faisnéise Bainistíochta (MIF), Tionscnamh Athbhreithnithe Caiteachais / Luach ar an Airgead, an Ghaeilge lena n-áirítear oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016 srl. taobh istigh de na hOifigí (AGO agus CSSO).

I measc na dtionscadal ar leith tá comhordú ar réiteach Thuarascálacha Bhliantúla, Ráitis Straitéise, Treoracha Seirbhísí Cliaint agus Cairteacha Cliaint agus Custaiméara Oifig an Ard-Aighne, dréachtscéim teangacha, Leabhar Tagartha FOI agus cure-iris i bhfeidhm Phlean Tionscadail MIF na nOifigí. Tá an tAonad lonnaithe in Oifig Shráid Mhuirfean ach freastalaíonn sé ar Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit freisin.